



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

www.bim.ie



Clár Ábhair

4-5	An Cathaoirleach agus an Bord Stiúrthóirí
6-7	Ráiteas an Chathaoirligh
8-9	Réamhrá an Phríomhoifigigh Eatramhaigh
10-15	Forbairt Iascaigh
16-19	Forbairt Dobharshaothraithe
20-29	Forbairt Gnó agus Nuálaíocht
30-33	Forbairt Oiliúna
34-35	Rialachas Corparáideach
36	Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
37	An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird
38-39	An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
40-41	An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta
42	An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
43	Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlán
44	An Clár Comhardaithe
45	An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
46-54	Nótaí leis na Cuntais
55-67	Íocaíochtaí Deontais
68	An Scéim Breisluacha
69	Scéim Infheistíochta Um Ghnó Próiseála Bia Mara



Kieran Calnan
Cathaoirleach




Sean O'Donoghue
(athcheaptha an 2 Márta 2014)



Damien McLoughlin
(ceaptha an 21 Márta 2014)



Raymond Harty
(ceaptha an 9 Iúil 2014)



William Deasy
(ceaptha an 27 Bealtaine 2014)



Michael Keatinge
**Príomhfheidhmeannach
Eatramhach agus Stiúrthóir
um Fhorbairt agus Oiliúint
lascaigh**



Connie Kelleher
Rúnaí/Stiúrthóir Airgeadais



Donal Maguire
**Stiúrthóir um Fhorbairt
Dobharshaothraithe**



Donal Buckley
**Stiúrthóir um Fhorbairt Gnó
agus Nualáíocht**

Ráiteas an Chathaoirligh



Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le hEarnáil Bhia Mara na hÉireann don gheilleagar. Is fiú an earnáil agus de bhreis ar €850 milliún gach bliain, agus fostaíonn sí 11,000 duine inár bpobail chósta; earnáil atá inti ag a bhfuil todhchaí ghléineach agus d'eascair seo as torthaí tréana feidhmíochta a baineadh amach, go háirithe inár margaí easpórtála.

B'fhiú an margadh iomlán easpórtála €520 milliún agus d'éirigh go maith leis na margaí peiligeacha agus sliogéisc tar éis gur bhain siad margaí €219 milliún agus €172 milliún, faoi seach, amach. Nuair a chuirtear san áireamh gur tír bheag sinn, tá ár bhfeidhmíocht ar mhargadh na hÁise as cuimse agus bhain na díolacháin €42 milliún amach, ar méadú 24% seo ar an mbliain seo caite.

Bhí baint lárnach ag BIM leis an mborradh seo, agus chuidigh sé le cuideachtaí bia mara chun comhfhiontair a bhunú chun acmhainní breise a ghairáil ar mhargadh na hÁise agus taighde a dhéanamh ar dheiseanna margaidh le haghaidh speicis a mbaintear tearcúsáid astu. Ar an margadh intíre, rinneamar ár bpunann miondíola a fhairsingiú lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde á mbaint amach ag miondíoltóirí bia mara i sábháilteacht bia, scileanna filléadaithe, forbairt táirgí agus uasoiliúint.

Príomhthosaíocht go fóill atá i sábháilteacht ár n-iascairí agus ár bpearsanra dobharshaothraithe le haghaidh BIM agus bhí an rath geal ar an Scéim um Shábháilteacht Fheabhsaithe go dtí seo agus chríochnaigh pearsanra an tionscail bhia mara an oiliúint agus tugadh dóibh an deontas i gcabhair chun gairis nua dhlútha snámhachta pearsanta ag a bhfuil rabhcáin chomhtháite aimsitheora phearsanta a cheannach. Chomh maith leis sin, leanann ár gColáistí Náisiúnta Iascaigh sa Chaisleán Nua agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus ár naonaid oiliúna cósta chun sceideal gnóthach cúrsaí oiliúna a sholáthar don tionscal. Chomh maith le borradh a chuidiú in earnálacha dea-bhunaithe sa tionscal, bhí baint lárnach ag BIM chun cumas earnálacha nideoige ar nós an tionscail feamainne a thabhairt chun solais. Roinn saineolaithe Idirnáisiúnta ó SAM agus ón tSeapáin a gcuid eolais agus saineolais ar a dtionscail faoi seach ag comhdháil a d'eagraigh BIM, 'Farmed Irish Seaweed - An Ocean Wonder Food'.

Tugadh an deis sa chomhdháil, chomh maith, do thoscairí chun plé a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile don acmhainn mhóréilimh seo a d'fhéadfadh borradh

“NUAIR A CHUIRTEAR SAN ÁIREAMH GUR TÍR BHEAG SINN, TÁ ÁR BHFEIDHMÍOCHT AR MHARGADH NA HÁISE AS CUIMSE AGUS BHAIN NA DÍOLACHÁIN €42 MILLIÚN AMACH, AR MÉADÚ 24% É SEO AR AN MBLIAIN SEO CAITE.”

€10 milliún breise sa bhliain a chur faoi dhíolacháin bhia mara na hÉireann. In ainneoin na ndúshlán reatha atá roimh an earnáil i dtaobh easpa scála agus ilroinnte, tionscal fíorsheiftiúil atá ann agus leanfaidh BIM ag oibriú go dian i gcomhpháirtíocht leis an tionscal chun na dúshlán seo a shárú agus nuair a dhéanfar amhlaidh, déanfar fostaíocht a chosaint agus a chruthú d’ár bpobail iascaireachta cósta a bhraitheann air seo.

Thar ceann an Bhoird, na Bainistíochta agus na Foirne de chuid BIM, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hoifigigh na

Roinne dá dtacaíocht leanúnach. Tugaimid aitheantas freisin don tacaíocht agus don chúnamh airgeadais leanúnach ón Aontas Eorpach, go háirithe i dtaca le Bearta Dobharshaothraithe agus lascaigh an Phlean Forbartha Náisiúnta.



Kieran Calnan
Cathaoirleach

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Ba thréimhse spreagúil 2014 do BIM agus don tionscal bia mara agus tháinig bláthú ar roinnt forbairtí dearfacha i gcaitheamh na bliana. Tá gach ceann díobh seo ar aon dul le Straitéis Chorporáideach cúig bliana BIM, ‘Capturing Ireland’s Share of the Global Seafood Opportunity 2013-2017’, agus straitéis Food-Harvest an Rialtais.

D’éirigh go maith le bia mara na hÉireann i gcaitheamh na bliana, tar éis díolacháin iomlána €850 milliún a bhaint amach; go háirithe ar an margadh easpórtála. Tháinig méadú spreagúil 24% ar easpórtálacha Bhia Mara na hÉireann go dtí an Áise aníos go dtí €42 milliún. Baineadh an borradh seo amach trí iarrachtaí comhordaithe roinnt cuideachtaí Éireannacha a bheith ag oibriú le chéile chun a láithreacht a thógáil san Áise.

Cinntíonn an leibhéal gan choinne seo de chomhoibriú tionscail seo go bhfuil bia mara na hÉireann ag teacht i dtír go hiomlán ar mhargadh faoi rath ag a bhfuil tiomantas síormhéadaitheach do bhia mara fiáin gafa. Tosaíocht go fóill atá i ról BIM a thógáil

mar éascaitheoir na bhfiontar nua agus eile seo, agus is deas liom a thabhairt le fios go leanfaidh BIM ag oibriú go dlúth leis an earnáil bhia mara agus lenár gcomhghleacaithe sa Bhord Bia chun forbairt bhreise a dhéanamh ar mhargáí nua eile, anuas ar an réimse bia mara a chuirtear ar fáil.

Rinneadh díospóireacht ar easpa scála agus ilroinnt – dhá dhúshlán mhóra atá roimh an tionscal bia mara inniu – ag ár gcomhdháil anrathúil bhia mara a bhí ar siúl i Staidiam Aviva in Aibreán. Ba é an téama a roghnaíodh don chomhdháil ‘Capturing Ireland’s Share of the Global Seafood Opportunity’ agus bhí an dealramh air go raibh an rath geal air. Bhain na toscairí a d’fhreastail ar an imeacht tairbhe as réimse éagsúil cainteoirí, ina measc ceannasaithe gnólachtaí bia mara ó Éirinn agus ó áiteanna thar lear agus ina measc bhí Ian Smith, POF, Clearwater Seafoods, Ceanada; Magnus Bjarnason, POF, Icelandic Group, an Íoslainn agus Barrie Deas, POF, Cónaidhm Náisiúnta Eagraíochtaí na nlascairí le haghaidh Shasana, na Breataine Bige agus Thuaisceart Éireann. I measc na gcainteoirí Éireannacha a bhí ag an imeacht bhí na saineolaithe agraibhia, Joe Gill, Stiúrthóir, Goodbody Ireland agus Caroline Keeling, POF, Keelings Ireland. Ar cheann de na príomhlimistéir a pléadh ag an gcomhdháil bhí an gá atá leis an mbonn amhábhair bia mara a fhairsingiú. Mar gheall go bhfuil an t-éileamh ar bhia mara ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana, thuar an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (an EBT), faoi 2030, go dteastóidh 42 milliún tonna breise gach bliain ó dhaonra an domhain chun freastal ar an éileamh. Cruthaíonn seo deiseanna móra d’Éirinn i dtaobh leathnú inbhuanaithe ár n-earnálacha fiáine agus ár n-earnálacha ar a ndéantar feirmeoireacht araon.

I ndiaidh measúnú fairsing tionchair timpeallachta a dhéanamh, sheol BIM iarratas chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar cheadúnas chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhradán amach ó chósta na Gaillimhe. Tá sé beartaithe againn, chomh maith, chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas breise chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhradán amach ó Inis Tuirc, Contae Mhaigh Eo in 2015. Mar gheall gur sinn an phríomhghníomhaireacht stáit atá freagrach as forbairt a dhéanamh ar fhorbairt na hearnála do bharshaothraithe, déanfaimid, má cheadúnaítear sinn, na feirmeacha seo a shaincheadúnú d'oibreoirí tráchtála. Is é príomhrún an tsocraithe nua seo a chinntiú go gcloíonn an dá dhianiaracht le coinníollacha an AE agus na hÉireann atá dian cheana féin, anuas ar aon cheanglais bhreise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach go náisiúnta.

Tugadh tús áite don bhonn amhábhair atá ar fáil don earnáil phróiseála a bhreisfhairsingiú, chomh maith. D'oibrigh BIM go dian, agus cuóta 88,000 tonna de thorciasc aige, leis an tionscal chun taighde a dhéanamh ar mhodhanna nua próiseála agus margaí nua don iasc beag seo ar a bhfuil go leor blais. Tá dúil ar leith ag margaí na Síne agus na hAfraice san iascach seo agus trínár Lárionad um Fhorbairt Bia Mara, leanfaimid le formáidí táirgí a fhorbairt a spreagann na príomh-mhargaí seo chun an speiceas seo a mbaintear tearcúsáid as a cheannach i méideanna brabúsacha.

Forbairt thábhacht eile a tháinig ar an limistéar seo, faoi mar a d'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D. ag ár gcomhdháil náisiúnta, a bhí sa togra chun an tionad comhábhair bhia mhuirí is mó ar domhan a thógáil sna Cealla

Beaga, Contae Dhún na nGall. Is ionann an plean uaillmhianach ó Bio Ingredients Ireland (BII) agus mórthionscnamh de chuid Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga agus dá gcomhpháirtí loruach, Bio Marine Science Technology agus uasmhéadóidh sé an luach a bhaintear ón gcuóta torcéisc trí phróitéin agus olaí a asbhaint chun réimse táirgí a dhéanamh, forbhianna vitimín ina measc. Táthar ag súil leis go gcruthóidh an t-ionad, ar fiú €35 milliún é, 50 post i dtógáil an ionaid agus 70 post díreach agus indíreach breise nuair a thabharfaidh sé faoi tháirgeadh in 2016.

Chomh maith leis sin, bhain an earnáil iascaigh chladaigh tairbhe as forbairtí dearfacha i rith na bliana. Ar na forbairtí ba mhó díobh seo bhí fógairt pacáiste caomhnaithe €1 milliún ag an Aire Coveney lena n-áireofar cúiteamh méadaithe faoi scéim v-eangaithe
Regards,



Michael Keatinge
Príomhfheidhmeannach
Eatramhach

Forbairt Iascaigh



Beart um Fhorbairt Bia Mara

B'ionann an deontas i gcabhair iomlán a bronnadh ar an gcabhlach in 2014 agus €939,422 i measc 334 ártach agus tacaíodh le hinfheistíocht fhoriomlán €3,251,938 as a raibh €2,536,924 ina chaiteachas a bhí incháilithe do dheontas i gcabhair. Faoin Scéim um Shábháilteacht Árthaí Iascaireachta, chríochnaigh 271 ártach uasghrádaithe sábháilteachta agus b'ionann an deontas i gcabhair agus €389,937 ar an iomlán.

Bhain 60 úinéir ártach eile leas as deontais um fheabhas cáilíochta ar bord faoin Scéim um Nuachóiriú Cabhlaigh (Athsheoladh seo mar an Scéim um Cháilíocht, Sláintíocht agus Iascaireacht Fhreagrach Chabhlaigh i rith 2014). Soláthraíonn an scéim seo deontas i gcabhair a mhéid le 60% (40% le haghaidh árthaí atá níos faide ná 12 mhéadar), le haghaidh infheistíocht chaipitil ar bord sa réimse cáilíochta, sláintíochta agus láimhsithe éisc. Ba ionann iomlán na 60 deontas a íocadh agus €451,692 i leith infheistíocht fhoriomlán €1,099,189.

Soláthraítear cúnamh sa Scéim 'Cúnamh Speisialta d'Iascairí Óga' d'iascairí óga iad féin a bhunú sa tionscal. Féadfaidh iascairí

óga (faoi bhun 40 bliain d'aois ag tráth an iarratais), nach raibh úinéireacht nó páirtúinéireacht acu ar ártach iascaireachta ar bith cheana agus a bhfuil ártach athlámhe iasc geal á cheannach acu den chéad uair, leas a bhaint as deontas i gcabhair 15% de chostais na héadála nó méid nach mó ná €50,000. In 2014, fuair triúr iascairí óga deontas i gcabhair €91,154 ar an iomlán chun báid iascaireachta athlámhe a cheannach ar infheistíocht iomlán €1.4 milliún.

Achoimre ar Dheontas i gCabhair

- Rinneadh uasghráduithe sábháilteachta ar 271 ártach lenar bhain costas infheistíochta €785,784.
- Fuair 60 úinéir ártach deontas i gcabhair, le haghaidh feabhsúcháin cháilíochta ar bord, dar luach iomlán €451,692 bunaithe ar infheistíocht fhaofa iomlán €1,099,189.
- Fuair triúr scipéirí Deontas i gCabhair speisialta €97,793 ar an iomlán chun a gcéad árthaí iascaireachta a cheannach agus rinneadh infheistíocht iomlán €1.4 milliún.

Bearta um Chosaint na Muirthimpeallachta - MEPS

Is é is aidhm leis an mbeart seo feasacht agus freagairt ar bheartais chomhshaoil a mhéadú, deimhniúchán bia mara a chur chun cinn agus cuidiú le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht san earnáil ghabhála. Tá deontas i gcabhair idir 40% agus 100% ar fáil faoin mbeart seo, le cómhaoiniú 50% á fháil tríd an gCiste Eorpach lascaigh (CEI). Anuas air sin tá sé d'aidhm leis an mbeart seo cuidiú le hoibreoírí cuspóirí threoracha Natura 2000 a bhaint amach. In 2014, fuarthas deontas i gcabhair dar luach €314,940 i gcomhair seacht dtionscadal bunaithe ar infheistíocht €314,940.

An Scéim Deontais i gCabhair um Bainistíocht agus Deimhniúchán Comhshaoil Bhia Mara

I Márta 2014, seoladh leagan leasaithe den Scéim Deontais i gCabhair um Bainistíocht agus Deimhniúchán Comhshaoil Bhia Mara. Bhí glacadh maith leis an scéim leasaithe seo, a bhí in ainm is an próiseas iarratais a shimpliú agus an riarachán a bhrostú agus ba dhealraitheach go raibh sí rathúil agus éifeachtúil araon. Fuair ceithre chomharghnó deontas i gcabhair €9,266 faoin Scéim Deontais i gCabhair um Bainistíocht agus Deimhniú Comhshaoil Bhia Mara (Ais 3), a ghin infheistíocht iomlán €13,643 i leith na gcóras bainistíochta comhshaoil bia mara agus an deimhniúcháin táirgí bia mara a fhorbairt, agus baineadh deimhniúchán 25 ártach agus 7 saoráid ar an gcladach amach faoi Chaighdeán um Fhoinsíú Freagrach BIM. Ní bhfuarthas aon iarratais ar thacaíocht a thabhairt le deimhniúchán iascaigh [e.g. an Chomhairle um Maoirseacht Mhuirí (an CMM)].

An Scéim um Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh (FLAGS)

Tá de chuspóir ag an Scéim um Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh (FLAGS) forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun rath geilleagrach agus sóisialta a

271 áarthach tar éis uasghráduithe sábháilteachta a fháil

chothabháil trí luach a chur le hearnálacha lascaigh agus Dobharshaothraithe. Tá deontas i gcabhair idir 40% agus 100% ar fáil le haghaidh tionscadal a shásaíonn critéir shonracha agus ar féidir leo toradh a léiriú go soiléir le haghaidh pobal a bhraitheann ar an iascaireacht. Déantar 50% a chómhaoiniú tríd an gCiste Eorpach lascaigh. Tá sé ghrúpa FLAG curtha ar bun timpeall an chósta chun straitéisí forbartha áitiúla a chur i bhfeidhm dá réigiúin. In 2014, fuarthas deontas i gcabhair dar luach 308,365 ar an iomlán i gcomhair 58 tionscadal bunaithe ar infheistíocht €533,330.

An Scéim V-Eangaithe Gliomach, Aischiir Sliogéisc agus Laghdaithe ar Ábhar Beo Aischiurtha

Tá sé mar aidhm ag an mbeart seo feabhas breise a chur ar bhainistíocht agus ar inbhuanaitheacht iomlán stoic gliomach na hÉireann fad a laghdaítear teacht i dtír sliogéisc atá ró-bheag, chomh maith le seachghabháil eile gan iarraidh i bpotáil sliogéisc. Tá deontas i gcabhair idir 70% agus 75% ar fáil faoin mbeart seo, agus tá cómhaoiniú 50% ar fáil tríd an gCiste Eorpach lascaigh (CEI). In 2014, fuarthas deontas i gcabhair dar luach €252,935 ar an iomlán i gcomhair 51 iarratasóir bunaithe ar infheistíocht €341,686.

An Scéim um Ionadú Potáil Sliogéisc

Tugadh Scéim De Minimis isteach in 2014

chun cúnamh airgeadais a thabhairt d'iascairí ar an gcladach chun potaí sliogéisc a ionadú, a cailleadh nó a ndearnadh díobháil dóibh nach féidir a chur ina ceart i rith dianstoirmeacha an gheimhridh idir Nollaig 2013 agus Feabhra 2014. Tá an scéim oscailte d'iarraíais ó úinéirí ársaigh níos lú ná 15 mhéadar ar fhad maidir le potaí gliomaigh/portáin agus séacla, a cailleadh ar muir, nó i gcásanna áirithe, a cailleadh ó chuanta, céanna agus calaí a bhí buailte ag farraigí troma. B'éard a bhí i gceist leis an gcúnamh ná íocaíocht €24 ar gach pota ionaid gliomaigh/phortáin a raibh fáltas dó agus a bhí neamhdhíobhálach don chomhshaol agus €12 ar gach pota ionaid séacla a raibh fáltas dó a mhéid le comhlíon uasta nó le 40% de na costais a raibh fáltas dóibh, pé costas is lú. Bhí líon uasta potaí i gceist in aghaidh an ársaigh: 200 pota d'ársaigh níos lú ná 12 mhéadar ar fhad agus 250 pota d'ársaigh cothrom le nó níos mó ná 12 mhéadar agus níos lú ná 15 mhéadar ar fhad. D'fhaomh an scéim íocaíochtaí deontais i gcabhair do 146 úinéir ársaigh, arbh fhiú €337,839 iad i dtreo 13,911 pota gliomaigh/portáin agus 3,334 pota séacla a ionadú.

Laghdú ar Aiscur in Iascaigh na hÉireann

Príomhghné den Chomhbheartas Iascaigh nualeasaithe is ea deireadh de réir a chéile a chur le haiscur i ngach iascach de chuid an AE trí dhualgas um thabhairt i dtír a thabhairt isteach. Comhlíonann clár teicneolaíochta trealaimh BIM ról mór chun cabhrú le hiascairí dul i ngleic leis na riachtanais seo. Dhírigh obair in 2014 go príomha ar fheabhas a chur ar roghnaíocht sa dara hiascach tráchtála is tábhachtaí le haghaidh cloicheán in Éirinn. Thaispeáin trial a rinne comparáid idir tráil rige Dhúbailte agus Chuadrige laghdaithe suntasacha ar ghabhálacha troisc, cadóige agus faoitín sa Chuadrige i gcomparáid leis an rige Dúbailte ach chruthaigh sé roinnt ábhair bhuartha maidir le héisc óga agus Cloicheáin. Baineadh amach breis laghdaithe ar

iasc geal trí phainéal méadaithe mogail chearnógaigh 300mm a úsáid ar féidir leis cabhair bhreise a thabhairt le riachtanais an Dualgais um Thabhairt i dtír agus trealaimh dhíolmhaithe a chomhlíonadh. Ar deireadh, tugadh faoi thriail ar an tionchar a imríonn méid an mhogaill ar chomhdhéanamh na gabhála i dtrealamh cuadrige. Nocht an triail go bhfuil mórchumas ag méideanna níos mó mogail chun gabhálacha Cloicheán agus éisc ghil óig a laghdú nuair a úsáidtear mogail cheann an tráil níos mó agus tá breis oibre le déanamh ar an tsaincheist seo faoi choinníollacha iomlána iascaireachta tráchtála in 2015.

Idirghníomhaíocht Iascaigh le Speicis Chosanta

Lean BIM le ról ceannais a ghlacadh i monatóireacht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht idir iascaigh agus speicis chosanta, ar nós céiticeach agus róna d'fhonn na ceanglais dhlíthiúla faoi rialachán an AE 812/2008, an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Chreat-Treoir Straitéise Muirí a bhaint amach. Bhí measúnú riosca ar iascaigh na hÉireann i leith Natura 2000 faoinar tugadh in 2014 bunaithe go mór ar an obair a rinne BIM sa limistéar seo le blianta beaga anuas. Cabhraíonn an phríomhfhaisnéis faoi rátaí seachghabhála de speicis chosanta a sholáthair BIM lena chinntiú go mbunófar aon tograí bainistíochta atá ceangailte leis an measúnú ar fhíricí, seachas ar chur chuige féideartha réamhchúramach pionósach atá bunaithe ar iascaigh nach bhfuil mórán sonraí fúthu.

Tuinnín

Lean BIM le sonraí bitheolaíocha a chur i dtoll a chéile agus freastal ar ghrúpa oibre an ICCAT ar thuinnín colgach. I ndiaidh gur foilsíodh torthaí clár clibeála satailíte ní ba luaithe, foilsíodh dhá staidéar bhreise ar chreachóireacht tuinnín cholgaigh a ndearnadh clibeáil satailíte orthu agus a d'fhorbair cur chuige nua chun feabhas a chur



D'FHAOMH AN SCÉIM IONADAITHE POTÁI SLIOGÉISC ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS I GCABHAIR DO 146 ÚINÉIR ÁRTHAIGH, ARBH FHIÚ €337,839 IAD

ar cháilíocht na sonraí a bhaineann le ráta gabhála a úsáidtear i measúnachtaí ar stoc san irisleabhar eolaíochta 'Fisheries Research' in 2014. Léiríonn an obair seo tiomantas ó BIM agus ó thionscal iascaireachta na hÉireann chun cur le taighde ar an speiceas seo lena mbaineann tábhacht tráchtála. Tá an obair dearfach i dtaobh thodhchaí stoc ibhuanaithe agus an rúin atá ag tionscal iascaireachta na hÉireann araon chun deimhniúchán inbhuanaitheachta a bhaint amach don iascach seo.

Iascaigh i láithreáin Natura 2000

I ndiaidh gur tugadh chun críche an Measúnú Riosca ar láithreáin ghníomhaíochta iascaireachta, tugadh faoi staidéar píolótach chun imscrúdú tosaigh a dhéanamh ar thionchar féideartha potaithe séacla ar ghnáthóga íogair. Úsáideadh na torthaí chun staidéar níos cuimsithí a dhearadh agus a choimisiúnú ar thionchar féideartha in 2015.

Iascaigh Chladaigh

I ndiaidh gur iarr an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D., d'éascaigh BIM na sé FLAGanna chun Fóraim Iascaigh Réigiúnacha Chladaigh (FIRCanna) a bhunú i ngach ceann dá limistéir faoi seach. Tá na fóraim seo in ainm is ionadaíocht earnáil an chladaigh a éascú timpeall an chósta anuas ar chomhairliúchán ar shaincheisteanna ábhartha a imríonn tionchar ar an earnáil, ar nós Natura 2000. Gníomhaíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a thoghtar ar gach FIRC mar na toscairí leis an bhFóram Iascaigh Náisiúnta Chladaigh (FINC) a dhéanfaidh idirchaidreamh díreach leis an Aire. Gníomhóidh BIM mar éascaitheoirí do na FIRCanna agus don FINC.

Bainistíocht Dramhaíola

Rinneadh 50 tonna san iomlán de shean-eangacha aonfhilliméid níolóin iascaireachta, ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus Daingean Uí Chúis den chuid is mó, a athchúrsáil. Tógadh isteach sé thonna de phoileitiléin ó shean-eangacha tráil agus baineadh úsáid as tonna amháin de chun clúdaigh shadhlaís/

bheathaithe a dhéanamh.

Eacnamaíocht: Creat um Bailiú Sonraí

Lean BIM lena dhualgas náisiúnta a chomhlíonadh faoi Chreat um Bailiú Sonraí an AE (an CBS) chun sonraí geilleagracha a bhailiú ó na hearnálacha cabhlach iascaireachta, doharshaothraithe agus próiseála i gcomhréir le Clár Náisiúnta na hÉireann. Forbraíodh foirmeacha um bailiú sonraí chun faisnéis iascaireachta agus gheilleagrach a bhailiú ón gcabhlach cladaigh agus gníomhach (os cionn 10 méadar ar fhad) agus cuireadh struchtúr bainistíochta sonraí i bhfeidhm chun na sonraí a stóráil agus a aisghabháil. Rinneadh sonraí geilleagracha, a sheol an Tionscal ar ais, a chur le chéile agus a chur faoi bhráid an Chomhionaid Taighde agus ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíochta don Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascaigh (an STECF). Chomh maith leis sin, rinneadh sonraí próiseála agus doharshaothraithe a bhailiú, a sheoladh ar aghaidh agus a chur le chéile ina dTuarascálacha Bliantúla Eacnamaíochta.

Clár na nÁrthaí Fairtheora

In 2014, lean Clár na nÁrthaí Fairtheora de chuid BIM de shonraí feidhmíochta a bhailiú ó árthaí iascaireachta cladaigh (níos lú ná 10 méadar ar fhad) chun ceanglais an Chreata um Bailiú Sonraí an AE a chomhlíonadh. Ghabh an clár seo faisnéis ríthábhachtach maidir le rátaí gabhála agus maidir le feidhmíocht gheilleagrach 81 ártach ó iascaigh áirithe laistigh den chabhlach cladaigh. Chomh maith leis sin, rinne an clár breathnóirí a shuíomh ar árthaí áirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar bhailiú sonraí. Tugadh faoi athbhreithniú ar logleabhair an chlár agus rinneadh iad a leasú chun bailiú cáilíocht sonraí a uasmhéadú in 2015.

Deimhniúchán Idirnáisiúnta Bhia Mara na hÉireann

Déanann Caighdeán BIM um Fhoinsiú

Freagrach (CFF), a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta bainte amach aige i leith ISO 17065 agus EN45011 ó 2012 i leith, deimhniúchán tríú páirtí a sholáthar d'árthaí agus do shaoráidí ar an gcladach. Mar gheall gur baineadh an caighdeán amach, léirítear go mbaintear amach leibhéal iniúchta sármhaitheasa agus freagrachta laistigh de shlabhra an tsoláthair, agus soláthraítear fíorú i leith cleachtais fhreagracha, cáilíocht agus inrianaitheacht táirgí ón táirgeoir go dtí an tomhaltóir. Cumhdaíonn na caighdeáin iasc geal, cloicheáin, speicis pheiligeacha agus táirgí crústacha agus rinneadh iad a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun céim in airde a sholáthar dóibh siúd ar mian leo deimhniúchán táirgí a bhaint amach, anuas orthu siúd ar mian leo cur le deimhniúchán iascachbhunaithe (e.g. MSC, 'Cara na Mara' (Friend of the Sea).

I gcomhairliúchán leis an tionscal, an comhlacht deimhnithe caighdeáin (GTCert) agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC), rinne BIM téarma dheimhniúchán CFF a athrú ó 2 bhliain go dtí 18 mí, laghdaigh sé an costas a raibh ar an tionscal íoc as agus bhain sé an gá a bhí le hiniúchadh eatramhach. Mar thacaíocht leis na hathruithe seo, d'eisigh BIM athbhreithniú ar an scéim deontais i gcabhair deimhniúcháin chun cabhrú le táirgeoirí agus le próiseálaithe tosaigh agus iad a spreagadh chun an caighdeán a bhaint amach. Chomh maith leis sin, lean BIM le clár tríú páirtí meantóireachta chun iarratasóirí nua a ullmhú le haghaidh iniúchta. I gcaitheamh na bliana, rinneadh meantóireacht ar 24 ártach agus 12 shaoráid ar an gcladach agus cuireadh ar an eolas iad ar an bpróiseas deimhniúcháin agus rinneadh 24 ártach agus 10 saoráid ar an gcladach a dheimhniú ina dhiaidh sin. I measc iad siúd a raibh deimhniúchán acu go fóill, bhí deimhniúchán BIM ag 85 ártach agus ag 12 shaoráid ar an gcladach ag deireadh na bliana.

Inrianaitheacht Bia Mara (E-LOCATE)

Forálann Rialachán ón gComhairle (CE)

1224/2009 go mbeadh gach táirge iascaigh inrianaithe ag gach céim den táirgeacht, den phróiseáil agus den dáileadh óna ngabháil nó óna mbaint go dtí céim an mhiondíola. Cabhraíonn scéim E-LOCATE, a thug BIM isteach in 2013 chun tacaíocht airgeadais a riar, a rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (an ÚCIM) a tabhairt isteach, le ceannaitheoirí cláraithe éisc chun na ceanglais reachtaíochta seo a bhaint amach. As na 15 thionscadal a faomhadh agus as €1 milliún de dheontas i gcabhair a tiomnaíodh, tugadh faoi 13 thionscadal nó gur críochnaíodh iad. Dúnadh an scéim an 31 Deireadh Fómhair 2014 agus eisíodh €412,000, ar an iomlán, de dheontas i gcabhair, mar íocaíochtaí páirteacha le haghaidh caiteachas cáilitheach. Tríd an nochtadh idirnáisiúnta a thug comhpháirtí teicniúil BIM, Global Standards 1 (GS1) isteach sa scéim, baineadh aitheantas idirnáisiúnta amach go ndearna an tionscadal talamh shlán trí chaighdeán domhanda lipéadaithe agus inrianaitheachta a thabhairt isteach le haghaidh bia mara. Sa mhullach air sin, bhain an scéim aitheantas náisiúnta amach agus bhí an scéim ina hiomaitheoir sa bhabhta ceannais i nDámhachtainí Slabhra Soláthair Efficient Consumer Response Ireland (an ECR) agus bhain sí ardmholadh agus an dara háit, ar an iomlán, amach.

Láimhsiú agus Cáilíocht Éisc

Faoi threoir ag riachtanais an Chaighdeáin um Fhoinsiú Freagrach agus bunaithe ar scrúdú mionsonraithe ar thorthaí trialacha cuimsitheacha turgnamhacha, tugadh isteach formáid nua chun faisnéis faoi cháilíocht éisc agus trealamh iascaireachta a bhailiú. Chomh maith leis sin, bunaíodh plé le hEagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (an EBT), an AE agus an tionscal maidir le leasaithe ar úsáid ar chloicheáin.

Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iar-Thuaiscirt (an CCUIT)

Déanann BIM Rúnaíocht an CCUIT (an

24 ártach 10 + n-áis ar an gcladach tar éis deimhniúchán RSS a fháil

Chomhairle Chomhairleach) a óstáil i nDún Laoghaire. In 2014, rinne an Chomhairle leasú riachtanach ar a hainm chun ceanglais reachtaíochta nua a chomhlíonadh, a bhain an ghné 'réigiúnach' ó theideal gach Comhairle Comhairlí.

Chomh maith leis sin, rinne an CCUIT láithreán gréasáin nua a leasú agus a sheoladh agus rinne sé táirgeadh gearrthóga físeáin a choimisiúnú chun a chuid oibre a chur chun cinn i dtrí theanga oifigiúla oibre na Comhairle Comhairlí (an Béarla, an Fhraincis agus an Spáinnis). I rith 2014, cuireadh cruinnithe an ghrúpa oibre agus an choiste feidhmiúcháin ar bun i mBaile Átha Cliath, Dún Éideann agus i bPáras agus tugadh chun críche iad le cruinniú an CCUIT i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 17 Meán Fómhair.

D'eagraigh an Rúnaíocht cruinnithe breise ar ábhair éagsúla, ina measc ullmhúcháin le haghaidh chur i bhfeidhm an dualgais um Thabhairt i dTír le haghaidh speicis ghrinnill agus d'idirchaidreamh le ballstáit. Lean an CCUIT ag oibriú leis le ICES chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na faisnéise ó iascaigh ina bhfuil easpa sonraí agus d'fhreastail sé ar chruinnithe comhordaithe le Comhairlí Comhairleacha eile agus leis an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana. Sa mhullach air sin, bhí an Chomhairle Chomhairleach faoi stiúir comhpháirtíochta le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iardheiscirt chun comhdháil comh-Chomhairle Comhairlí a chomhordú ar Dhoingean Mara, a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath. Soláthraíodh aschur an chruinnithe seo, anuas ar thuairimí agus comhairle eile, don AE agus do na Ballstáit.

Forbairt Dobharshaoethraithe



An Rannóg um Fhorbairt Tionscadal

B'ionann an infheistíocht iomlán i ndobharshaoethrú le linn 2014 agus €3,170,818. Tugadh deontas i gcabhair €1,755,353 don infheistíocht seo, le haghaidh tionscadail phoiblí agus phríobháideacha araon, faoin Scéim Deontais um Dhobharshaoethrú Tráchtála de chuid Chlár Forbartha Bia Mara Chiste lascaigh na hEorpa agus faoi Chlár Píolótach Dobharshaoethraithe BIM atá á chistiú ag an Státchiste, an AIT agus Scéimeanna Deontais Láimhsithe Bia Mara.

An Scéim um Fhorbairt Dobharshaoethraithe Tráchtála

Is é cuspóir foriomlán na Scéime um Fhorbairt Dobharshaoethraithe Tráchtála forbairt tráchtála an dobharshaoethraithe ar bhonn atá inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí airgeadais, teicniúla agus comhshaoil.

Fógraíodh gairm fhoirmiúil le haghaidh iarratas ar thionscadal faoin Scéim sna Nuachtáin Náisiúnta an 12 Márta 2013. Rinneadh an cinneadh in 2013 go n-oibreoidh an Scéim um Fhorbairt Dobharshaoethraithe Tráchtála ar bhonn gairmeacha oscailte. Fuair BIM dhá iarratas déag in 2014 agus d'fhaomh an Bord Roghnaithe Dobharshaoethraithe iad le haghaidh cúnamh deontais ag cruinniú an 5 Meitheamh 2014. B'ionann an infheistíocht iomlán a cuireadh i bhfeidhm agus €1,425,073, agus íocadh deontas i gcabhair i dtaobh €570,029 de.

Scéimeanna um Fhorbairt Dobharshaoethraithe BIM

Tá Scéimeanna um Fhorbairt Dobharshaoethraithe BIM dírithe ar chabhrú le trialacha ar theicneolaíocht nuálaíoch i ndobharshaoethrú tráchtála chun feabhas a chur ar iomaíocht; chun indéantacht gheilleagrach agus theicniúil láithreán

agus speiceas nua a dheimhniú; chun cabhrú le bearta chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, sláinte agus leas éisc agus cáilíocht táirgí; chun sláinte agus sábháilteacht agus scileanna ceirde a chur chun cinn agus chun an dobhharshaothrú a chomhchuihbhiú i bpobail an chósta agus i bpobail tuaithe. Faomhadh caoga iarratas ar thionscadal faoi Scéimeanna BIM a bhí á gcistiú ag an Státchiste.

Íocaíochtaí Deontais Dobharshaothraithe

B'ionann na híocaíochtaí deontais a rinneadh le tionscadail faoin Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Tráchtála le linn 2014 agus: €570,029 ar chostais dhlísteanaigh infheistíochta €1,425,073 B'ionann na híocaíochtaí deontais a rinneadh le tionscadail faoi Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe BIM agus: €1,185,324 ar chostais dhlísteanaigh infheistíochta €1,745,744. Bhuntacaigh comhíocaíochtaí deontais €1,755,353 a rinneadh le Dobharshaothrú in 2014 le hinfeistíocht fhoriomlán €3,170.818 agus liostaítear iad de réir tairbhí agus contae ar na sceidil ar leathanach 66.

Seirbhísí Pleanála Gnó Dobharshaothraithe

I rith 2014, dhírigh an Rannóg Pleanála Gnó Dobharshaothraithe ar na sinéirgí a ghiniúint a bhí le baint amach ó chuideachtaí dobhharshaothraithe a éascú chun oibriú le chéile d'fhonn an scála a ghiniúint a theastaigh chun rochtain a fháil ar an margadh idirnáisiúnta ar bhealach níos comhordaithe agus táirgiúla. Ba é an tionscadal ba shuntasaí in 2014 'Grúpa Oisrí na hÁise' a bhunú. Thug cúigear táirgeoirí oisrí faoi fhiosrú agus forbairt margaidh ar bhealach aontaithe le cabhair ó BIM. Go dtí seo, tá an dealramh air gur forbairt fhíor-dhearfach seo agus beidh na chéad díolacháin d'oisrí Éireannacha le mórthír na

Síne ag titim amach i mbliana.

D'oibrigh comhthionscnamh BIM-an Bord Bia chun feachtas mhéadaithe bhranda ar dhiúilicíní orgánacha na hÉireann a fhorbairt sa mhargadh. B'éard a bhí i gceist leis seo ná comhoibriú le grúpa de shaothróirí Éireannacha diúilicíní agus iad a cheangal lena gcomhpháirtithe san Eoraip. Chuir an gníomh seo ar chumas táirgí a chur chun cinn in asraonta móra miondíola faoin téama 'Diúilicíní Orgánacha na hÉireann'.

Is ionann an tionscnamh seo agus tús le feachtas níos faide chun feachtas a mhúscailt ar bhunús táirgí bia mara a ndéantar feirmeoireacht orthu in Éirinn. Cé go raibh an-ghlacadh leis an bhfeachtas tosaigh seo i measc tomhaltóirí, dúshlán atá i leanúnachas an tsoláthair fós féin don todhchaí.

Ag oibriú i gcomhar leis an mBord Bia, tugadh faoi roinnt tionscadail forbartha branda le táirgeoirí rannpháirteacha oisrí agus dhiúilicíní na hÉireann. Spriocdhíríodh ar na tionscadail seo chun brandaí ardchaighdeáin a imríonn tionchar a fhorbairt leis an deis a thabhairt do na táirgeoirí seo chun táirgí a dhíol go díreach leis na margaí intíre agus leis na margaí easpórtála araon. Cé nach bhfuil an scála céanna ag go leor táirgeoirí dobhharshaothraithe atá ag próiseálaithe níos mó bia mara, chuir na seirbhísí brandála agus forbartha gnó seo ar chumas roinnt táirgeoirí ardchaighdeáin chun margaí eisiacha nideoige sa bhaile agus thar lear araon a mhúnlú.

Tugadh faoin suirbhé bliantúil ar tháirgeadh dobhharshaothraithe chun príomhfhaisnéis a sholáthar ar stádas an tionscail. Tá torthaí shuirbhé na bliana seo ar fáil lena n-íoslódáil ó láithreán gréasáin BIM

<http://www.bim.ie/aquaculture-survey/>

Seirbhísí Tacaíochta um Fhorbairt Theicniúil Dobharshaothraithe

D'oibrigh Rannóg Theicniúil Dobharshaothraithe go dlúth leis an tionscal bradáin chun an úsáid a bhaintear as tarpóil speisialta a fheabhsú agus a bhreisfhorbairt ina gcuimsítear fionnuisce chun gearáin gheolbhaigh a chóireáil i measc a stoc ar muir. I gcomhar leis an tionscnamh seo, rinneadh tástáil bhog agus éifeachtúil ar chaidéal éisc d'fhréamhshamhail nua atá in ann bradáin a láimhseáil atá a throime le 7kg, ar an meán, agus rinneadh an caidéal a thriail ar scála tráchtála ina dhiaidh sin. Bhí bliain rathúil ag an ártach suirbhé cladaigh, an M.V.T. Burke, tar éis gur aimsigh an t-ártach i dtosach báire formhór na síolta diúilicín ar a ndearna an tionscal diúilicíní a fhástar ag bun na farraige iascaireacht in 2014. A bhuíochas le húsáid thaobhshonóir scanta agus cheamaraí faoi uisce an ártach, tá leibhéil nua sofaisticiúlachta bainte amach don phróiseas suirbhé. Rinneadh an obair ar stoc pórúcháin teitrealóideach a chruthú d'oisrí trioplóideacha an Aigéin Chiúin agus lean na stoic i mbun forbartha, faoi mar a beartaíodh. Anuas air sin, cuireadh ceardlann ar bun le gorlann na hÉireann chun plé a dhéanamh ar na gnéithe sonracha a bhaineann le hoisrí trioplóideacha na hÉireann don bhliain 2015. D'eagraigh an rannóg sraith ceardlanna agus comhdhálacha tionscail rathúla ar fhreastail go leor daoine orthu (i gcomhar le Feirmeoirí Aontaithe Éireann) i gcaitheamh 2014. I measc na chéad chinn díobh seo bhí Ceardlann ar Oisre an Aigéin Chiúin a bhí ar siúl i nDún Garbhán i ráithe 1, agus ba é an dara ceann díobh seo an Cheardlann ar Shláinte Éisc (i gcomhar le Foras na Mara) a bhí ar siúl in Órán Mór i ráithe 2, lean Ceardlann Éisc Eite Fionnuisce é seo i Meán Fómhair. Bhí an chomhdháil deiridh ar 'Irish Farmed Seaweed - An Ocean Wonder' ar siúl i Samhain agus spreag sí go leor suime ó réimse fairsing rannpháirtithe agus leag sé an bhéim ar an obair a choimisiúnaigh BIM ar an bhféidearthacht i dtaobh tháirgí

feamainne na hÉireann in earnáil bhia mara na hEorpa.

Clár um Fhorbairt Réigiúnach 2014

Leanann an líonra d'Oifigigh um Fhorbairt Acmhainn Dobharshaothraithe atá bunaithe go réigiúnach, le tacaíocht phraiticiúil ar an talamh dá gcliaint dobharshaothraithe agus do pháirtithe leasmhara eile.

Áirítear leis an gcúnamh pragmatach de shaghas 'an phobail'; cabhrú le táirgeoirí áitiúla i gcaitheamh na bliana chun déileáil le réimse leathan saincheistanna agus idirchaidreamh a dhéanamh le gach ceann de ghnéithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM) maidir le hathnuachan ceadúnas, iarratais ar cheadúnais nua agus sonraí agus faisnéis áitiúil a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht.

Trí phróiseas CLAMS, rinneadh cigireacht ar Chórais reatha Mharcála Comhaontaithe Speisialta (SUMS) um shábháilteacht loingseoireachta fad a tugadh faoi chothabháil agus síneadh i bhFiord an Chaoláire Rua agus suiteáladh SUMS nua i gCalafort Chaisleán na Mainge i gContae Chiarraí.

Tugadh faoi Ghlantacháin bhliantúla Ché agus Trá feadh an chósta go léir i ndiaidh stoirmeacha an gheimhridh. Leantar le comharthaíocht léirmhínteach ar fud na tíre a mhíniú dobharshaothrú do bhaill an phobail ag dul thar bráid a athchóiriú agus a nuashonrú. Ag oibriú go dlúth le Foras na Mara, chomhlíon na hoifigigh réigiúnacha príomhról san obair leanúnach Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta thar ceann an RTBM, go gcomhlíonfadh córas ceadúnaithe dobharthshaothraithe na hÉireann ceanglais Theoracha 'Natura 2000'. Rinneadh ábhar próifílithe dobharshaothraithe a tháirgeadh do na cuanta a raibh measúnú á dhéanamh orthu in 2014 agus tugadh cabhair maidir le measúnú oidhreacht a dhéanamh. D'éirigh linn deimhniúchán an chórais bhainistíochta (DCB) a choimeád i dtaobh diúilicíní a fhástar ag bun na farraige chomh maith.



Forbairt Gnó agus Nuálaíocht



Comhthéacs

I rith 2014, d'éirigh go maith le tionscal bia mara na hÉireann agus tháinig borradh ar na margaí easpórtála (+6%) agus na margaí intíre (+3%). Bhuntacaigh méadú leanúnach ar an luach a bhí ar éisc pheiligeacha agus sliogéisc le heaspórtálacha, agus ba mhuinín mhéadaitheach i measc tomhaltóirí agus an réimse táirgí áisiúla bia mara atá sa mhargadh ba chúis le téarnamh an mhargaidh intíre.

Tá an t-éileamh ar phróitéin á chur chun cinn ag déimeagrafaic ar fud an domhain agus tá cothú á aistriú ag daonraí meánaicme ó bhianna gránbhunaithe go dtí bianna próitéinbhunaithe. Tá tomhaltóirí i mbun uirbiú agus iad ag dul in aois agus tá áisiúlacht á lorg acu ó bhia mara mar a rogha próitéine ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus blais. Tá margaí ag teacht chun cinn ó thíortha go dtí cathracha móra óna dteastaíonn bealach sonrach chuig struchtúir mhargaidh.

Tá aistriú foriomlán le sonrú i dtaobh bia mara ón AE go dtí margaí forbarthacha san

Áise agus san Afraic agus tá praghsanna méadaitheacha agus méadú ar líon na n-easpórtálacha chuig na margaí seo mar thoradh air seo. I rith 2014, b'ionann easpórtálacha bhia mara na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den AE agus 35%. Thug toirmeasc na Rúise ar iompórtálacha bhia mara an AE i rith 2014 an tábhacht chun solais a bhaineann le cothromaíocht a choimeád i leith margaí, agus d'éirigh le heaspórtálaithe na hÉireann an fhadhb a réiteach trí chustaiméirí nua a aimsiú san Áise.

Mar gheall ar bhrú méadaitheach rialála ar stoic gabhála fiáine, braitear ar an dobharshaothrú chun líonta nua a sholáthar chun freastal ar éileamh méadaitheach. Méadaíonn ceanglais mhiondíoltóra agus aird na meán sóisialta ar bheartais ar nós aischuir, an dualgas a leagtar ar an tionscal bia mara chun cleachtais éicea-fhorchéimnitheacha a sholáthar chun bia mara a tháirgtear go hinbhuanaithe a chinntiú.

Leanann BIM agus an Bord Bia ag comhoibriú chun cláir éiceabhácha agus gnó

BHAIN EASPÓRTÁLACHA BHIA MARA NA HÉIREANN LUACH €520 AMACH IN 2014; IS IONANN SEO AGUS MÉADÚ 6% AR €492 MILLIÚN IN 2013

ghlais a fhorbairt chun buntacú leis an gclár 'Origin Green'.

Tá cineál na slabhraí soláthair á athrú ag an teicneolaíocht agus ag digitiú, agus cuireann seo ar chumas tomhaltóirí agus déantúsóirí teagmháil dhíreach a bheith acu le tomhaltóirí agus dáileadh traidisiúnta miondíola a sheachaint. I mbliana, sholáthair cláir phíolótacha ar líne torthaí spreagúla d'fhiontair bhia mara na hÉireann sa tSín.

Easpórtálacha Bhia Mara na hÉireann in 2014

Bhí luach €520 milliún bainte amach ag easpórtálacha bhia mara na hÉireann in 2014; is ionann seo agus méadú 6% ar €492 milliún in 2013. I dtaobh méid de, tá méadú 2% á léiriú ag easpórtálacha (260,784 tonna) i gcomparáid leis an mbliain seo caite (255,911 tonna). Seo a leanas na treochtaí a sonraíodh sna príomhchatagóirí bia mara in 2014: Tá méadú 11% ar luach á léiriú ag bradán (€46 milliún) i gcomparáid leis an €42 milliún a baineadh amach in 2013. Tugann méadú comhfhreagrach 21% ar mhéid le fios go bhfuil tús á chur le téarnamh ar sholáthar bradáin agus a bhfuil súil leis i gcaitheamh 2015. Tá praghas aonaid bhradán úr iomlán na hÉireann (€6.6 an cileagram) go mór os cionn mheánphraghas margaidh an AE

in 2014 agus léiríonn seo staid mhargaidh bhradáin orgánaigh.

Cuirtear luach €219 milliún ar thrádáil pheiligeach agus b'ionann an méid a easpórtáladh agus 184,157 tonna in 2014. Léiríonn seo méadú 20% ar luach aníos ó €183 milliún agus méadú comhfhreagrach 7% ar mhéid aníos ó 172,795 tonna in 2013. Tháinig méadú faoi dhó ar ronnach aníos go dtí €111 milliún agus tháinig méadú ar easpórtálacha tuinnín aníos go dtí €22 milliún. Tháinig meath ar an trádáil i measc na bpríomhspeiceas peiligeach eile, ina measc scadán, a bhain €17 milliún amach (-26%), bolmán Atlantach a bhain €41 milliún amach (-21%) agus faoitín gorm a bhain €16 milliún amach (-27%).

Cuireadh luach €50 milliún ar easpórtálacha éisc ghil in 2014, arb ionann seo agus meath 4% i gcomparáid le 2013 go mór mar gheall ar dheiseanna srianta iascaireachta a chruthaigh an aimsir stoirmeach go luath in 2014. Tháinig laghdú 2% ar easpórtálacha sliogéisc a bhain luach €172 milliún amach i gcomparáid le luach €175 milliún 2013.

Tháinig méadú 20% ar easpórtálacha Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath aníos go dtí €51 milliún ó €42 milliún in 2013, tháinig laghdú 37% ar easpórtálacha diúilicíní anuas go dtí €13 milliún mar gheall



ar mheascán de mhéideanna ísle gabhála i dtaobh an tionscail diúilicíní a fhástar ag bun na farraige agus dúnadh an bhá sa tionscal diúilicíní téide agus bhí an líon easpórtálacha portáin, ar a raibh luach €34 milliún, an méid céanna amach a baineadh amach in 2013.

Lean an margadh d'oisrí na hÉireann a bheith dearfach in 2014 agus bhain na heaspórtálacha luach €25 milliún amach. Tháinig borradh aníos go dtí €16 milliún ar easpórtálacha chuachma.

Tháinig laghdú 36% ar easpórtálacha min agus ola éisc anuas go dtí €20 milliún in 2014.

Na Príomh-Mhargaí


B'ionann trádáil leis an AE agus 65% den luach easpórtála bia mara in 2014 agus chuaigh an 35% eile a fhad le tríú tíortha. Bhain easpórtálacha chuig an Aontas Eorpach (an AE) luach €344 milliún amach in 2014, arb ionann sin agus an luach a baineadh amach in 2013. I measc na bpríomh-mhargaí de réir luacha, bhí an

Fhrainc, a bhain luach €115 milliún amach (méadú 5%), an Bhreatain Mhór, a bhain luach €65 milliún amach (laghdú 6%), an Spáinn, a bhain luach €57 milliún amach (méadú 10%), an Iodáil, a bhain luach €26 milliún amach (méadú 12%) agus an Ghearmáin, a bhain luach €19 milliún amach (laghdú 9%). B'ionann luach na n-easpórtálacha chuig an Ísiltír agus €11 milliún (laghdú 35%) mar gheall ar easpórtáil laghdaithe diúilicíní.


Tháinig méadú 17% aníos go dtí €176 milliún in 2014 ar easpórtálacha go dtí tíortha lasmuigh den AE. Is iad an Nigéir, Camarún agus an Éigipt na príomh-mhargaí san Afraic go fóill agus is fiú €53 milliún (méadú 31%), €24 milliún (méadú 13%) agus €12 milliún, faoi seach, iad.

Tháinig borradh 23% ar luach mhargadh na hÁise go dtí €42 milliún in 2014. Tháinig méadú faoi thrí ar mhargadh na Síne (Hong Cong san áireamh) aníos go dtí €25 milliún, go príomha mar gheall ar thrádáil mhéadaithe sliogéisc agus pheiligeach. Bhí borradh 10% go dtí os cionn €13 milliún á léiriú ag easpórtálacha go dtí an Chóiré Theas in 2014.


Méid Easpórtála i dtonnaí 2014



Luach Easpórtála in € milliún 2014



Treochtaí ar Phraghsanna Easpórtála in 2014




Nóta: Bhí praghas aonaid bhradán úr iomlán na hÉireann (€6.6 an cileagram) go mór os cionn mheánphraghas an AE in 2014 agus léiríonn seo staid mhargaidh an bhradán orgánaigh.



Na Margaí Easpórtála is Mó de réir Luacha			
	2013	2014	% Athrú
AE	€m	€m	
1 An Fhrainc	112	115	5% ▲
2 An Bhreatain Mhór	69	65	-6% ▼
3 An Spáinn	52	57	10% ▲
4 An Iodáil	23	26	12% ▲
5 An Ghearmáin	21	19	-9% ▼
AN RÚIS			
6 An Rúis	20	19	-5% ▼
AN NIGÉIR AGUS AN AFRAIC THUaidh			
7 An Nigéir	40	53	31% ▲
8 Camarún	21	24	13% ▲
9 An Éigipt	9	12	32% ▲
AN ÁISE			
10 An tSín (Hong Cong san áireamh)	18	25	36% ▲
11 An Chóiré Theas	12	13	10% ▲

Luach Iomlán Bhia Mara na hÉireann



Forbhreathnú ar an Margadh Intíre

Tá fás tugtha faoi deara ar mhargadh intíre na hÉireann in 2014 mar gheall ar mhéadú ar líonta na siopadóirí agus go gceannaítear bia mara níos minice. Meastar gur fiú €196 milliún sa bhliain an margadh intíre miondíola le haghaidh bia mara faoi láthair. Léiríonn seo méadú 3.2% ar luach an mhargaidh fhoriomláin. Ar leibhéal catagóire, tugadh borradh 4.8% faoi deara ar iasc úr agus ba bheag athrú a tháinig ar iasc reoite (méadú 0.3%).

Is ionann bia mara agus 2% den mhargadh iomlán grósaeireachta agus is airde sin ná an sciar den mhargadh atá ag muiceoil agus ag uaineoil (1.4% agus 1.1%, faoi seach). Tá borradh suntasach bainte amach ag bradán agus ag colmóir, ach go háirithe. Cé gurb ábhar spreagtha an borradh seo atá tagtha ar bhia mara, níl an borradh tréan céanna ag teacht air atá ag teacht ar chuid den phróitéin eile níos saoire.

In 2014, b'fhiú €134 milliún an bia mara i seirbhís bhia mara na hÉireann. Bhí an margadh thíos leis an gcur chun donais sa gheilleagar agus le brúnna praghais le blianta beaga anuas ach tá comharthaí téarnaimh le tabhairt faoi deara anois, mar sin féin.

Cláir Forbartha Gnó agus Nuálaíochta

Ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha BIM chun luach breise a uasmhéadú ón mbonn amhábhair agus scála laistigh de struchtúir an tionscail a chruthú, dhírigh Forbairt Gnó agus Nuálaíocht (FGN) ar bhorradh luacha agus poist a sholáthar trí chur chuige Bainistithe Príomhchuntais (BPC) a bhí dírithe ar chuideachtaí bia mara a mhéadú agus díriú ar leith ar phríomhthionscadail ghnó.

I rith 2014, leag FGN na príomhthosaíochtaí a leanas amach:

1. An earnáil phróiseála bia mara a scálú aníos trí nuálaíocht, forbairt an mhargaidh agus infheistíocht caipitil. Toradh: D'éirigh leis na príomhchuideachtaí a ndíolacháin a mhéadú faoi €22 milliún agus chruthaigh siad 111 post breise.
2. An Clár 'Bealach chun Mhargadh na Síne' ('China Route to Market') - díriú ar mhargadh sliogéisc na Síne a fhorbairt, trí chomhfhiontair Ocean Jade, Atlantic Gold agus Errigal. Toradh:
 - Tháinig borradh +36% aníos gó dtí €24 milliún ar easpórtálacha na hÉireann chun na Síne.
3. Luach a nuálú agus a uasmhéadú ó amhábhair nua bia mara: Cur i dtír méadaithe Torcéisc agus Faoitín Ghoirm. Torthaí:
 - D'éascaigh FGN Biomarine Ingredients Ireland a bhunú, ar comhfhiontar é idir Irish seafood interests agus cuideachta theicneolaíochta loruach. Beartaíonn an fiontar nua ceannróaíocht seo chun €35 milliún a fhorbairt agus 40 post díreach a chruthú.
 - Teicneolaíocht nua Dícheannaithe agus Dí-Innithe Torcéisc Tá BIM tiomanta do theicneolaíocht shaincheaptha a bhfuil ar chumas aici an luach margaidh atá ar tháirgí torcéisc a chlaochlú. Rinneadh tástáil dhearfach allamuigh ar an teicneolaíocht agus déanfar forbairt bhreise uirthi i rith 2015.
 - Thug BIM faoi staidéar indéantachta ar tháirgeadh surimi i measc torcéisc agus faoitín gorm i gcomhar le comhpháirtí idirnáisiúnta, agus tá breis forbartha le déanamh air seo i rith 2015.
4. Tacú le forbairt cur i dtír iasachta isteach i bpróiseálaithe bhia mara na hÉireann. Toradh: I rith 2014, rinneadh dul chun



cinn chun príomhchaidreamh a fhorbairt le gabháilthe Francacha agus loruacha chun níos mó éisc a thabhairt i dtír in Éirinn.

5. Uasoiliúint agus forbairt na trádála bia mara sa mhargadh intíre.
Torthaí: 'Serious about Seafood' – formáidí atá furasta le húsáid ag tomhaltóirí, uasoiliúint an tionscail, sábháilteacht bia agus cláir Cheannaithe Éisc Óga atá buntacaithe ag taighde léargasach margaidh a fhorbairt.

Torthaí:

6. Breisluach cuideachtaí deontaschúnta FGN, forbairt margaidh agus an infheistíocht caipitil a leanas: Torthaí:
 - Tugadh cabhair do 7 ngrúpa comhfhiontair bhia mara i rith 2014.
 - 15 thionscadal Bainistíochta Catagóire.
 - 18 dtionscadal Infheistíochta Próiseála ag a bhfuil infheistíocht iomlán €5.3 milliún.
 - 6 Thionscadal Breisluacha Bia Mara ag a bhfuil infheistíocht iomlán €117,163.

Forbairt Gnó

Leanadh leis an gCóras Bainistithe Príomhchuntas a fhorbairt, obair a raibh ceathrar ball foirne (BPCanna) ar fud na hÉireann páirteach ann, baill foirne a bhí ag feidhmiú mar phointí tiomanta teagmhála idir BIM agus próiseálaithe bia mara. Tríd an gcóras seo, féadfaidh cuideachtaí bia mara rochtain a fháil ar raon leathan seirbhísí trí phointe teagmhála amháin. Lena chois sin, tacaíonn an córas le BIM comhéadan éifeachtach a sholáthar dá chustaiméirí mar aon lena chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ag BIM ar ghnólaicthe aonair agus ar an earnáil trí chéile.

Chomh maith leis sin, tá na na BPCanna ar fáil do chuideachtaí bia mara sa réimse pleanála, meantóireachta agus comhairle gnó. Trí leas a bhaint as a saineolas suntasach, úsáideann go leor cuideachtaí bia mara na BCPanna chun straitéisí gnó a bheidh acu amach anseo, feidhmíocht an mhargaidh agus deiseanna um fhorbairt táirgí nua (NPD) a phlé.

Soláthraíodh taighde agus faisnéis mhargaidh do raon leathan réimsí, lena

CUIDEACHTAÍ PRÓISEÁLA BIA MARA 2014

Líon na gcuideachtaí	Raon Láimhdeachais
3	€40-55m
4	€20-40m
8	€10-20m
22	€1-10m
100	Níos lú ná €1m

n-áirítear easpórtálacha bhia mara na hÉireann ar fud an domhain, agus taighde a bhí dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna féideartha margaidh do bhia mara na hÉireann san Áise. Úsáidtear an fhaisnéis seo ar bhealaí éagsúla - idir thacú le straitéis inmheánach BIM agus tacú le cuideachtaí bhia mara na hÉireann na margaí idirnáisiúnta bia mara a thuiscint. Lena chois sin, úsáidtear go leor de na sonraí chun cuideachtaí atá i mbun tionscadail bhreisluacha/NPD a threorú, tionscadail atá á gcur i gcrích tríd an Lárionad Forbartha Bia Mara.

Fás agus Scálú na hEarnála Próiseála

Tacaíonn an Scéim um Infheistíocht Próiseála Bia Mara le hinfheistíocht san earnáil phróiseála. In 2014, bhronn an scéim cúnamh deontais arbh fhiú €1.59 milliún é, arb ionann é agus infheistíocht i gcaiteachas gaolmhar incháilithe de bhreis ar €5.3 milliún. I gcaitheamh na bliana, chruthaigh cuideachtaí próiseála thart ar 66 post nua agus luach €31 milliún i ndíolachán nua. Aithnítear san earnáil bia mara go bhfuil sé riachtanach scála a fhorbairt d'fhonn brabúsacht a fheabhsú, leanúnachas an tsoláthair a chinntiú, mar aon le rochtain a fháil ar bhealaí dáileacháin,

taighde agus forbairt, cumas margaíochta agus iomaíochas sna margaí domhanda a mhéadú.

Tacaíonn an Chomhscéim um Bealach chun an Mhargaidh le cuideachtaí atá ag oibriú le chéile agus i rith 2014, thacaigh BIM le hinfheistíocht €252,062 chun tacú le comharghnónna agus le comhfhiontair bhia mara. Bhí gníomhaíocht láidir scálaithe le tabhairt faoi deara san earnáil sliogéisc agus tugadh cabhair do 4 chomhfhiontar ag díriú ar mhargadh buacach bhia mara na Síne. Ina measc seo bhí Ocean Jade (Sofrimar, Shellfish De La Mer, Carr Shellfish Ireland agus McBride Fishing Co. Ltd.) Atlantic Gold (Rockabill Shellfish Co. agus Atlanfish Ltd.) agus Errigal Seafood agus CKI, agus Bells Isle Seafoods agus Dungarvan Shellfish.

I rith 2014, thacaigh BIM le tionscadail bhainistíochta catagóire, chomh maith, a chuireann borradh agus iomaíocht chun cinn sna príomhearnálacha bia mara tráchtála. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- Teicneolaíocht do tháirgí torcéisc agus faoitín ghoirm a fhorbairt.
- Fotháirgí éisc ghil a úsáid agus cáilíocht táirgí a fheabhsú.
- Trádáil intíre bhia mara na hÉireann a fhorbairt.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an margadh

IS IAD ÉISC PHEILIGEACHA AN CHATAGÓIR BHIA MARA IS MÓ I DTAOBH MÉID AGUS LUACHA DE AGUS IS FIÚ EASPÓRTÁLACHA €183 MILLIÚN

agus é mar aidhm comhábhair
phróitéine agus ola bhithmhúirí a
aimsíú.

- Deiseanna a fhiosrú i leith teacht i dtír
iasachta.

Forbairt Gnó Idirnáisiúnta

Is iad margaí na hÁise, go háirithe an tSín, na spriocmhargaí is mó go fóill le haghaidh táirgí sliogéisc. Tháinig méadú an tríú chuid ar mhargadh na Síne aníos go dtí luach €25 milliún. Bunaíodh Comhairle na Síne dár ngrúpaí comhfhiontair, Ocean Jade, Royal Atlantic Gold agus Errigal/CKI, chun teacht le chéile chun straitéis níos comhoibríthí a chruthú do mhargadh na Síne. Leis an gcur chuige comhtháite seo, is féidir le BIM tacú le comhaltaí na Comhairle trí phlean cineálach margaíochta a chruthú chun próifíl bhia mara na hÉireann i gcainéil mhiondíola, seirbhíse bia agus ar líne na Síne a ardú.

Maidir lenár margaí AE agus go háirithe margadh na Fraince, táimid ag oibriú ar tháirgí breisluacha a fhorbairt tríd an Lárionad um Fhorbairt Bia Mara i gCloch na Coillte. De réir mar a thagann cobhsú ar gheilleagar na hEorpa, éireoidh na margaí níos oscailte do tháirgí nua. Príomhdhúshlán don bhliain 2015 is ea an luach a mhéadú atá ar chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath inár gcroímhargaí Eorpacha.

Forbairt Pheiligeach agus Shlabhra an tSoláthair

I Nollaig 2014, cruthaíodh Rannóg nua laistigh de FGN chun deiseanna borrhtha a ghíaráil ó acmhainní reatha agus féideartha peiligeacha agus faoitín ghoirm. Bhí éisc pheiligeacha ar an gcatagóir bhia mara ba mhó i dtaobh méid de, agus b'fhiú easpórtálacha 173,000 tonna méadrach €183 milliún in 2013. Anuas ar phríomhthacaíochtaí feidhmeacha a thabhairt chun cinn do phróiseálaithe éisc pheiligh; díreofar go príomha ar thionscadail scálaithe spriocdhírthe, ar nós na dtionscnamh bithmhúirí agus surimi. Díreofar, chomh maith, ar thairiscintí luacha agus sinéirgí a chruthú chun teacht i dtír éisc ghil iasachta a mhealladh chun scála a chur chun cinn.

An Lárionad um Fhorbairt Bia Mara

I rith 2014, bhain 31 cuideachta bhia mara úsáid as an Lárionad um Fhorbairt Bia Mara (an LFBM). I measc na seirbhísí, bhí deiseanna margaidh a shainaithe, forbairt NPĐ agus coincheap táirgthe, seirbhís bhrandála agus lipéadaithe, painéil bhraite, tástáil phíolótach, scálú aníos trealaimh agus táirgí.

Tugadh líon cuairteanna a bhain le cúrsaí teicneolaíochta chun teicneolaíochtaí nua



a bhí ag teacht chun cinn, sárchuisniú ina measc, a thagarmharcáil. Leagadh béim faoi leith ar Nuálaíocht Theicneolaíoch mar aon le nuálaíocht NPD a fhorbairt laistigh den earnáil bhia mara. Shainaithin an fiosrú a rinneadh ar nuálaíocht theicneolaíoch an gá a bhí le teicneolaíochtaí le haghaidh béilí nua réamhullmhaithe i rith 2015, de réir mar a éilíonn an margadh níos mó táirgí áisiúla.

Thug an LFBM faoi infheistíocht ar scála beag a dhéanamh in áiseanna agus trealamh le hábharthacht a chinntiú maidir leis na teicneolaíochtaí nua don earnáil bhia mara.

Lean an Meabhrán Tuisceana a síníodh idir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) ar aghaidh agus earcaíodh céimithe chun bonn scileanna an tionscail a fhorbairt. D'éascaigh an ceangal seo idirchaidreamh príomhúil leis an mbonn scileanna teicneolaíochta laistigh de UCC, chomh maith, ar bhealach taiscéalaíoch i dtaobh an teicneolaíochta a úsáid chun breis luacha a chur ar an earnáil trí sheirbhísí.

Chuaigh socrúchán triúr teicneolaithe speisialaithe agus céimithe um fhorbairt gnó laistigh den tionscal chun sochair Chlár um Fhorbairt Céimithe UCC agus BIM, agus earcófar triúr eile le haghaidh chlár Céimithe 2014/15. I rith na bliana, thacaigh an clár

Céimithe le sparánacht mháistreachta chun súil a chaitheamh ar theicneolaíochtaí sonracha agus ar fhorbairtí NPD faoitín ghoirm mar speiceas a mbaintear tearcúsáid as.

Seirbhísí Próiseála

Leanadh ar aghaidh le Clár Gnó Bia Mara Ghlais BIM in 2014, faoinar bhain roinnt cuideachtaí laghdú suntasach amach ar na costais fóntais agus fuinnimh, agus thug cuideachtaí áirithe faoi infheistíocht caipitil ar éifeachtúlachtaí fuinnimh.

Rinne BIM, i gcomhar le Green Business agus an IBEC dhá sheimineár réigiúnacha maidir le héifeachtúlacht acmhainní a reáchtáil don earnáil bia agus déantúsaíochta trí chéile. Tugadh an láithreán gréasáin 'Green Seafood' chun críche, ar láithreán gréasáin é a dhéanann torthaí tionscnamh éagsúil glas agus cás-staidéar a óstáil ó na cuideachtaí éagsúla bia mara mar thairseach lárnach faisnéise a bhaineann le hinbhuanaitheacht.

Thángthas ar chomhaontú leis an mBord Bia gur pointe bunúsach iontrála a bheidh sa chlár seo do na próiseálaithe bia mara chun critéir Origin Green a bhaint amach. Chun aitheantas a thabhairt do na cuideachtaí bia mara a bhaineann éachtaí

suntasacha amach maidir lena gcostais fuinnimh agus acmhainní a bhainistiú, d'fhorbair an Dámhachtain um Ghnó Bia Mara Ghlais, a bheidh mar chuid de Dhámhachtainí Náisiúnta Glasa 2015. Cuireadh Lámhleabhar Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia i bhfeidhm ar phróiseálaithe bia ceardaí a d'iarr ar chabhair maidir le bainistíocht um shábháilteacht bia.

Bhí éileamh seasmhach i gcaitheamh na bliana ar Ardchlár um Chumas Próiseála an BRC. Is é an buntáiste a bhaineann leis an gclár seo go laghdóidh sé an tréimhse forfheidhmithe don phróiseálaí bia mara anuas ón ngnáth-thréimhse 24 mí go dtí 9-12 mhí, go háirithe i measc cuideachtaí a dhíríonn ar mhargaí easpórtála.

Forbairt Trádála – An Margadh Intíre

Is ar an margadh miondíola bia mara agus seirbhíse bia tríd is tríd atá tionscadal Fhorbairt Trádála na hÉireann dírithe. Tá luach €196 milliún ar an margadh seo i láthair na huaire, agus is iad na príomhspeicis a dhíoltar bradán agus trosc. Tá borradh ag teacht ar an tóir atá ar chholmóir ach tá go leor speicis eile fós nach bhfuil dóthain úsáide á baint astu. Tá tuilleadh deiseanna forbartha ann, ní hamháin i dtaobh earraí aonair a dhíol ag an gcontar agus tairiscintí réamhphacáistithe, ach sa réimse speiceas agus formáidí atá áisiúil don tomhaltóir.

Forbraíodh príomhréimsí d'fhorbairt gnó miondíola lena n-áirítear oideachas agus forbairt foirne, sábháilteacht agus inrianaitheacht bia, agus deiseanna breisluacha.

Dhírigh an clár 'Serious about Seafood' ar fhorbairt gnó agus scileanna laistigh den earnáil miondíola. Chabhraigh aird níos géire ar ghnó, córas bainistíochta saincheaptha um shábháilteacht bia, próifíl na gcustaiméirí a thuiscint, láidreachtaí agus laigí a aithint agus spriocanna indéanta réalaíocha a

leagan amach le rannpháirtithe an chláir a ngnóthaí a fhorbairt

D'fhoneacú leis an tionscnamh seo, baineadh tairbhe as raon cláir uasoiliúna chun déileáil leis an easnamh scileanna agus eolais san earnáil trí cheardlanna, seimineáir agus meantóireacht a chur ar tairiscint. Bhí éileamh tréan ar chúrsaí filléadaithe bia mara agus HACCP, ach go háirithe.

Cuireadh tús le tionscadal a bhí dírithe ar úsáid a bhaint as gearrthacha ar luach níos íseal in 2014. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an tionscadal nuair a thug BIM faoi thaighde saineiúil agus faoi thrialacha a reáchtáil i gcomhpháirt le hasraonta miondíola.

Tuigeann BIM go mbaineann tábhacht le daoine óga a spreagadh chun gairmeacha a bhaint amach dóibh féin in earnálacha an tionscail trí chéile. Forbraíodh tionscnamh an Cheannaí Éisc Óig chun aitheantas agus gradam a thabhairt do cheannaithe éisc óga atá ag cur ar bhealach suntasach leis an earnáil miondíola. Bhí an-rath ar chomórtas 2014, i measc na meán agus an tionscail araon agus beartaítear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh in 2015.

In 2014, d'oibrigh BIM le comhpháirtithe tionscail san earnáil fáilteachais chun raon tionscnamh a thairiscint lena n-áirítear ceardlanna eolais do mhic léinn atá ag freastal ar Institiúidí Teicneolaíochta, príomhchócairí ceannródaíocha bia mara a phróifíliú agus máistir-ranganna mionsonraithe sliogéisc a chur ar fáil do phríomhchócairí a bhfuil taithí acu. Tacaíonn BIM le tionscnaimh a chuireann comhdhlúthú agus scálú chun cinn. D'fhoneacú cuideachtaí atá ag oibriú as lámh a chéile a éascú chun margaí nua easpórtála a fhorbairt, d'oibrigh an rannóg um fhorbairt gnó le soláthraí seachtrach chun clár a sholáthar chun grúpthuiscint a spreagadh ar chomhfhiontair agus iontaobh laistigh den ghrúpa a chruthú.

Forbairt Oiliúna



Seirbhísí Oiliúna

Cuireadh oiliúint ar 1,918 pearsanra, ar an iomlán, ón tionscal bia mara i gColáistí lascaigh (NFCI) BIM sa Chaisleán Nua, Contae Dhún na nGall, agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí agus ina Aonaid shoghluaiste um Oiliúint Chósta, a thug cuairt ar 20 ionad cósta in 2014, agus i Lárionad um Fhorbairt Bia Mara BIM, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.

Mar thoradh ar fheachtas náisiúnta sábháilteachta mara, eisíodh 602 cárta um Bunoiliúint Sábháilteachta BIM in 2014.

Oiliúint um Shábháilteacht Bia Mara

I rith 2014, d'éirigh le 43 pearsanra ón tionscal bia mara, roinnt iascairí a mbíonn bia mara á reo ar a mbáid acu san áireamh, a ndámhachtain chomhábhair Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) (FETAC roimhe seo) in AGPRC Bunaithe ar Riosca do Ghnólachtaí Bia Mara agus

Bainistíocht um Shláintíocht Bia Mara a chríochnú ag ionaid éagsúla i Sligeach, Loch Garman, Baile Átha Cliath agus i gCloich na Coillte.

Tá formhór na bpearsanra fostaithe sa tionscal bia mara, ainneoin go bhfuil daoine áirithe ag tabhairt faoi ghairm nua trína bhfiontair bhia mara féin a thosú le tacaíocht ó Lárionad um Fhorbairt Bia Mara BIM (LFBM), Cloich na Coillte, Contae Chorcaí. Rinneadh Modúl Leibhéal 5 i bhFilliú Éisc de Láimh a athscríobh agus cuireadh faoi bhráid QQI é le haghaidh ascnaimh agus b'éard a bhí mar thoradh air seo ná gur bhain fiche a haon pearsanra deimhniúchán QQI amach ar Leibhéal 5.

Ceardlanna, Seimineáir agus Imeachtaí Gairme

Ghlac foireann BIM páirt i 7 n-imeacht gairme réigiúnacha i gcomhpháirt le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí (an ICG), chun gairmeacha sa tionscal bia mara

a chur chun cinn i measc mic léinn dara leibhéal agus do threoirchomhairleoirí. Chríochnaigh BIM, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe-Ros Comáin (an GRETB), caighdeán nua QQI le haghaidh Leibhéal 5 sa Dobharshaothrú a fhorbairt agus a ascnamh. Freastalaíodh ar roinnt cruinnithe faisnéise le páirtithe leasmhara i ndiaidh gur tugadh Beartais agus Nósanna Imeachta nua QQI isteach le haghaidh soláthraithe oiliúna. Rinne Grúpa um Fhorbairt Caighdeán i gcomhar le QQI agus saineolaithe an tionscail dhá dhámhachtain um shábháilteacht bia a dhréachtú atá le cur faoi bhráid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tionscadal Comharthaíochta an Chiste Eorpaigh Iascaigh

Lean BIM agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann (SUÉ), le tacaíocht ó Bheart Iascaigh an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI), le comharthaíocht a thabhairt isteach atá dírithe ar iascairí chun aird a tharraingt ar an ngá le Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) a chaitheamh. Táthar ag tabhairt faoi shuirbhé anailís ar bhearnaí ar iascairí a ghlac páirt sa suirbhé tosaigh ar a meonta i leith sábháilteachta in 2013, i ndiaidh gur tugadh isteach Scéim um Shábháilteacht Fheabhsaithe BIM, chun an leibhéal um fheasacht ar shábháilteacht a dheimhniú ar PFD/PLB.

An Scéim um Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta agus Trealamh

I ndiaidh gur sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an scéim seo i Hall an Aontais i nDeireadh Fómhair 2013 agus gur tugadh cúrsa athnuachana agus Rabhcáin Chomhtháite Aimsitheora Phearsanta isteach in 2014, eisíodh 729 aonad i rith na bliana. Ní mór gur chríochnaigh iarrthóirí don scéim seo Oiliúint Bhunúsach Sábháilteachta cheana féin agus tá gach úinéir ar árthaí ar Chlár Árthaí Iascaireachta

na hÉireann incháilithe cabhair a fháil i dtreo PFD ag a bhfuil PLB a cheannach do chomhaltaí scipéara agus criú.

Oiliúint Iascaigh agus Dobharshaothraithe

I rith na bliana, d'éirigh le 49 iascaire cúrsaí oiliúna a chur i gcrích a thug deis dóibh tabhairt faoi Dheimhnithe Inniúlachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an RITS) maidir le hOifigeach Deice (Bád Iascaireachta) sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Rinne 20 mac léinn staidéar do Dheimhnithe Inniúlachta Aicme 3, Aicme 2 agus Aicme 1 de chuid an RITS/QQI i dtaobh Oifigeach Innealtóireachta (Bád Iascaireachta) agus thug 45 mac léinn eile modúl Phróisis Innealtóireachta Muirí QQI chun críche, modúl a bhí dírithe go speisialta ar bháid chladaigh. Bronnadh Deimhnithe um Chomhrac Dóiteáin Mhuirí atá comhlíontach le STCW-95 ar sheasca iascaire i ndiaidh dóibh tabhairt faoi dhianchúrsaí oiliúna 3-lá agus 5-lá ag aonad nua-aimseartha um oiliúint dóiteáin BIM sa Chaisleán Nua. Bronnadh daichead a cúig Deimhniú orthu siúd a chríochnaigh na cúrsaí bunaithe ar Chórais Loingseoireachta Leictreonaí (ENS) agus Rialú Loingseoireachta (NCC). Bronnadh daichead a cúig Deimhniú de chuid an RITS/QQI maidir le hInniúlacht Bád Paisinéirí ar iascairí a raibh iarrachtaí ar bun acu dul i dtreo na turasóireachta muirí nó an dobharshaothraithe agus ar oibreoirí a bhfuil báid dobharshaothraithe acu faoi láthair agus a bhfuil pearsanra feirmeacha éisc á n-iompar acu. Chríochnaigh tríocha a dó fear agus bean óg cúrsa oiliúna arb é a bhí mar thoradh leis gur bronnadh Deimhniú Bunleibhéil agus Leibhéal 5 QQI in Iascaireacht Tráchtála agus Dobharshaothrú orthu. Ina theannta sin, bronnadh deimhniú ComReg um Chóras Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS) sa Chumarsáid Raidió ar 79 pearsanra iascaigh agus dobharshaothraithe.



Grúpa Sábháilteachta Árthach Iascaireachta

I ndiaidh gur thionóil an Grúpa Sábháilteachta Árthaí Iascaireachta sraith cruinnithe a bhí ar siúl ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Baile Átha Cliath chun moltaí a fhorbairt ar shábháilteacht ar muir, foilséoidh BIM Tuarascáil an Choiste Súmairí don Aire. Ghlac os cionn 1,000 iascaire páirt i Scéim um Oiliúint Fheabhsaithe Sábháilteachta (OFS) agus Trealamh a chuireann deontas i gcabhair ar fáil anois d'úinéirí árthaí atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad i dtreo Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) ag a bhfuil Gaireas Comhtháite Snámhachta Pearsanta (PLB).

OILIÚINT THIONSCAL BIA MARA BIM 2014

	Total
Deimhnithe na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an RITS)	
Deimhniú Iomlán RITS um Oifigeach Deice (Bád lascaireachta)	9
Deimhniú Iomlán RITS um Oifigeach Deice (Bád lascaireachta) an Dara Duine	39
Deimhniú teoranta RITS um Oifigeach Deice (Bád lascaireachta)	1
Deimhniú RITS / QQI um Oifigeach Innealtóireachta (Bád lascaireachta) Aicme 3	9
Deimhniú RITS / QQI um Oifigeach Innealtóireachta (Bád lascaireachta) Aicme 2	11
Deimhniú RITS / QQI um Inniúlacht Bád Paisinéirí agus Formhuinithe Tráchtála	45
Cúrsa ar Rialú Loingseoireachta (NCC) (lascaireacht)	20
Córais Loingseoireachta Leictreonaí (ENS) (lascaireacht)	25
Fo-iomlán	159
Sábháilteacht ar Muir	
Ardoiliúint Sábháilteachta (EST) le haghaidh PFD deontaschúnta le PLB	729
Bunoiliúint Éigeantach Sábháilteachta 3 lá	602
Teicnícíochtaí Marthanais Phearsanta (PST) STCW	114
Comhrac Dóiteáin Mhuirí STCW	31
Ardoiliúint um Chomhrac Dóiteáin Mhuirí STCW	29
Garchabhair Leighis STCW	51
Fo-iomlán	1,557
Cumarsáid Raidió	
Deimhniú Gearr-Raoin GMDSS Modúl 1 agus 2	39
Deimhniú Fadraoin GMDSS	2
Deimhniú Oibreora Ghinearálta GMDSS	38
Fo-iomlán	79
Deimhnithe agus Oiliúint Scileanna um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	
Bunchúrsa QQI in Iascach, Leibhéal 3	15
Deimhnithe QQI in Iascach agus Dobharshaothrú, Leibhéal 5	8
Loingseoireacht QQI Leibhéal 3	9
Próisis Innealtóireachta Muirí QQI	45
Láimhsiú agus Oibriú Crocháin agus Géag Chraenach QQI	4
Bainistíocht Sláintíocht Bia Mara QQI	2
HACCP Riosca-Bhunaithe do Ghnólachtaí Bia Mara QQI	41
Fo-iomlán	124
SOLÁTHAR OILIÚNA IOMLÁN	1,918

Rialachas Corparáideach



Cruinnithe Boird

Thionóil BIM 10 gcrúinniú boird in 2014, lena léirítear tiomantas na heagraíochta d'fhorbairt Earnáil Bhia Mara na hÉireann, sa bhaile agus thar lear araon. Chomh maith leis sin, d'fhreastail Stiúrthóirí Boird ar chruinnithe breise thar ceann na heagraíochta, a bhain le hábhair ghaolmhara bhia mara, ar nós forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar straitéisí agus rannpháirtíocht BIM i dtuarascáil Food Harvest 2020 an Rialtais.

Forbhreathnú ar Fhuinneamh

Le linn na bliana 2014, d'úsáid BIM 3,039 MWh d'fhuinneamh, ar an iomlán, ina raibh an méid a leanas:

- 1,854MWh de leictreachas
- 918 MWh de bhreosla iontaise
- 267 de ghás nádúrtha

Ceannaítear leictreachas agus gás nádúrtha faoi Chreat an Rialtais ó sholáthraithe a bhaineann úsáid as breoslaí in-athnuaite le haghaidh roinnt dá gcuid cumhachta.

Tháinig méadú beag 1.3% ar an úsáid i bhfuinneamh leictreach i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus léiríonn seo

méadú ar tháirgeadh oighir don tréimhse chéanna. As an bhfuinneamh leictreach iomlán a úsáideadh, baineadh úsáid as 71% i dtáirgeadh agus stóráil oighear chadóige agus bhí an figiúr seo mórán mar an gcéanna le figiúr na bliana seo caite. Úsáideadh an 29% eile chun seirbhísí ginearálta a sholáthar agus chun fuinneamh teirmeach a sholáthar in áitribh éagsúla (oifigí agus coláistí oiliúna). Áirítear leis an ola dhíosail ola a úsáidtear ar mhaithe le téamh teirmeach agus iompair (báid iascaireachta agus iompar ar bóthar). As na 918MWh a úsáideadh, bhí an úsáid deighilte go cothrom idir téamh teirmeach spáis agus iompar.

Tá BIM ag oibriú agus ag tuairisciú leis an SEAI ar bhonn bliantúil faoi chuspóir an Rialtais chun feabhas a mhéid le 33% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí faoin mbliain 2020. Mar chuid den chlár seo, tá athbhreithniú á dhéanamh ag BIM ar limistéir dá n-oibríochtaí ina bhfuil ardúsáid fuinnimh agus é ina chuspóir feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus úsáid a laghdú.

Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair

Tugadh faoi iniúchtaí ar shábháilteacht láithreáin ag an gColáiste Náisiúnta Iascaigh sa Chaisleán Nua agus ag an Lárionad um Fhorbairt Bia Mara i gCloich na Coillte mar chuid de chlár foriomlán athbhreithnithe ar nósanna imeachta sábháilteachta BIM. Cuireadh tús leis an gclár seo in 2013 agus cuireann sé le ráiteas um shábháilteacht chorparáideach 2013. I ndiaidh na n-iniúchtaí seo, rinneadh fillteáin sábháilteachta a bhaineann go sonrach le láithreán a chomhlánú ar an dá láithreán. Ag ceannoifig Dhún Laoghaire, tugadh faoi mheasúnú riosca i leith dóiteáin ar an bhfoirgneamh ag iniúchóirí seachtracha agus áiríodh sa mheasúnú limistéir atá áitithe ag tionóntaí. Rinneadh iniúchadh agus forfheidhmiú iomlán na rialúchán brú a chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad le trealamh cuisnithe ag gach ionad oighir atá faoi oibriú BIM. Cuirfear na moltaí ón tuarascáil seo i bhfeidhm i rith 2015. Cuireadh timpiste intuairiscithe amháin i gcuntas leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (an ÚSS) i rith 2014.

Nuashonrú TF

Lean BIM ar aghaidh lena dTimpeallacht TFC a fheabhsú agus a nuashonrú i gcaitheamh 2014. Chabhraigh na feabhsúcháin seo le tacú leis na Seirbhísí Breisluacha leantacha TFC trí choigiltí airgeadais agus éifeachtúlacht mhéadaithe TFC. I measc na dtascanna seo, bhí Straitéis TFC BIM 2015-2017 a fhorbairt. Chomh maith leis sin, thug BIM faoi iniúchadh Bréagionsaithe agus Gnéithe Leochaileacha in 2014, faoinar thug iniúchóirí inmheánacha BIM. Ar a bharr sin, thug BIM faoi go leor gníomhaíochtaí eile TFC, ina measc críochnú thabhairt isteach Ríomhairí Deisce agus Glúine Windows 7, aistriú na bhfreastalaithe oidhreachtá fisiciúla go dtí néal Braislithe Príobháideach Microsoft Hyper V, nuashonrú Fhreastalaí Ríomhphoist Microsoft Exchange, freastalaithe áitiúla agus réitigh chúlta a úsáid i dtrí cinn de láithreáin iargúlta BIM (Cloich na Coillte, Baile Chaisleáin Bhéarra agus an Caisleán Nua) agus Réiteach nua Cúlta Cumhachta UPS a shuiteáil i

gCeannoifig BIM. Titeann an ghníomhaíocht uile TFC amach i gcomhthéacs timpeallacht TFC mhear agus atá ag teacht chun cinn i gcónaí, i ngeall air sin, déanann BIM modhanna agus bealaí nua a fhiosrú chun feabhas a chur ar Sheirbhísí TFC a sholáthraítear don eagraíocht.

Rochtain Chomhtháite ar Sheirbhísí

Tá sé mar aidhm ag BIM a chinntiú go bhfuil na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal i gcoitinne inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas nuair is praiticiúil agus cuí de réir mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas, 2005. Tá BIM tiomanta freisin do chur chun feidhme an Chóid Chleachtais ar inrochtaineacht na Faisnéise agus Seirbhísí Poiblí arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí.

Saoráil Faisnéise

Cloíonn BIM lenár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus in 2014, déileáladh le fiosrúchán amháin.

Oiliúint Foirne

In 2014, sholáthair BIM 45 seimineár, ceardlann agus cúrsa oiliúna a bhain le poist do bhaill foirne. Tá staidéar á dhéanamh ag ball foirne amháin le haghaidh Dochtúireachta, tá staidéar á dhéanamh ag beirt bhaill foirne le haghaidh céime agus tá staidéar á dhéanamh ag ball foirne eile le haghaidh Dioplóma iarchéime. Chríochnaigh cúigear baill foirne cúrsa Dioplóma agus chríochnaigh ceathrar baill foirne cúrsa teastais in 2014. D'fhreastail 30 ball foirne eile ar chúrsaí uasoiliúna TF in 2014. Fostóir comhdheiseanna is ea BIM. Tá sé tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus tá a chlár forbartha pearsanra agus foirne dírithe ar an gcuspoir seo. Cuimsíonn an tiomantas do chomhionannas freisin ról BIM in oiliúint pearsanra san earnáil bhia mara, áit ina ndearbhaítear oiliúint um rochtain chomhionann.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Bord lascaigh Mhara

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord lascaigh Mhara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe agus an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 9 den Chéad Sceideal leis an Acht lascaigh Mhara, 1952, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis

airgeadais ar leor iad le dearbhú réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhí-ráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhlantúil an Bhoird a léamh le haon mhíreireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaim faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Il mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain 2014, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtas chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an Bord leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscim trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhlantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Iompair um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Patricia Sheehan
Thar ceann agus don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, an 30 Meitheamh 2015

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird


Ceanglaítear faoi alt 9(1) den chéas sceideal leis an Acht um lascaigh Mhara, 1952, ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Bord lascaigh Mhara ar aghaidh ag feidhmiú
- aon imeacht ábhartha ó na Caighdeáin infheidhme Chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord lascaigh Mhara agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na ceanglais reachtaíochta. Tá an Bord freagrach, chomh maith, as sócmhainní Bhord lascaigh Mhara a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Kieran Calnan
Cathaoirleach
An 26 Meitheamh 2015



Seán O'Donoghue
Comhalta Boird
An 26 Meitheamh 2015

AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Aithníonn na Comhaltaí Boird go bhfuil siad freagrach as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht. Tá a leithéid de chóras um rialú inmheánach airgeadais in ainm is bainistiú a dhéanamh ar rioscaí gnó, seachas iad a dhíbirt, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán a sholáthar i leith míshonrú nó cailleanas ábhartha. Seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá bunaithe ag na Comhaltaí Boird agus é ar intinn acu rialú inmheánach airgeadais éifeachtach a sholáthar:

- Díriú soiléir ar chuspóirí gnó arna gcinneadh ag an mBord i bhfianaise na bhfreagrachtaí reachtúla.
- Struchtúr eagraíochtúil sainithe le línte freagrachta soiléire, tarmhigean údarais agus leithscaradh na ndualgas ceaptha chun timpeallacht rialaithe iomchuí a sholáthar.
- Próiseas bainistíochta riosca a bhreithníonn ar an straitéis agus pleananna gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil nuair atá spriocanna agus pleananna airgeadais leagtha agus athbhreithnithe ag an mBord i bhfianaise na gcuspoirí a cinneadh.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a áiríonn athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil á chur i gcrích ag an mBord agus athbhreithniú rialta ar thorthaí iarbhir i gcoinne an bhuiséid.
- Nósanna imeachta rialaithe - coimeádann an Bord lámhleabhair chuimsitheacha na nósanna imeachta i dtaca lena phríomhghníomhaíochtaí uile. Tá teorainneacha agus nósanna imeachta ann, ach go háirithe, atá sainithe go soiléir i dtaca le caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil.
- Córais mhonatóireachta - tá monatóireacht á déanamh ar nósanna imeachta rialaithe ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí a fheidhmíonn i gcomhréir le creat an dea-chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas le hanailís ar na rioscaí a bhfuil BIM nochta ina leith. Tá tuarascáil an iniúchta inmheánaigh don bhliain 2014 faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta, agus áirítear ann tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar fhóntacht agus éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, agus cuireadh an tuarascáil úd faoi bhráid an Bhoird. Tá na córais mhonatóireachta agus iniúchta inmheánaigh á gcomhlánú ag an obair iniúchóireachta curtha i gcrích go bliantúil ar na bearta éagsúla um chúnamh deontais ag iniúcháirí seachtracha faoi mar a éilítear faoi reachtaíocht AE rialaithe na mBeart. D'fhaomh an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana ó Mheitheamh 2014 go dtí Bealtaine 2017 i mBealtaine 2014.
- Sa bhliain 2009, d'aontaigh an Bord téarmaí tagartha an Fhochoiste Iniúchóireachta, arna bhunú ag an mBord in 2009, a chuimsíonn Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin amháin agus é faoi chathaoirleacht Chomhalta Boird seachas Cathaoirleach an phríomh-Bhoird. Cuirtear

monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar an éifeachtacht um rialú inmheánach airgeadais ar an eolas le tuairiscí chuig an gCoiste Iniúcháireachta ón mbainistíocht, na hiniúcháirí seachtracha a chuireann obair iniúcháireachta inmheánaí in BIM i gcrích mar a ndéantar cur síos uirthi thuas agus ráitis ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Lena chois sin, mar a éilíodh ar an mBord táthar tar éis athbhreithnithe neamhspleácha a choimisiúnú i dtaca le córais um rialuithe inmheánacha airgeadais sainiúla san eagraíocht

Shainaithin iniúchadh ráitis airgeadais 2014 caiteachas iomlán €301,000 faoi chúinsí nár chomhlíon na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm treoirlínte soláthair phoiblí. B'ionann seo agus 56% (5 cinn as 9 gcinn) den líon samplach ar a ndearnadh scrúdú agus 50% de réir luacha. Glacann BIM leis go hiomlán nár cuireadh na seirbhísí faoi seach ar tairiscint, in 2 chás roimh dheireadh 2014. Cuireadh na seirbhísí seo ar tairiscint, áfach, go luath in 2015. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn BIM gan tairiscint a chur amach do 3 cinn de na 5 thionscadal a luaitear, i ndiaidh plé fadálach a dhéanamh, ar mhaithe le toradh níos éifeachtúla a bhaint amach in úsáid cistí poiblí. Rinne BIM treoirlínte Soláthair Phoiblí a chur i bhfeidhm agus leanfaidh sé le hiad a chur i bhfeidhm.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.



Kieran Calnan
Cathaoirleach
An 26 Meitheamh 2015



Seán O'Donoghue
Comhalta Boird
An 26 Meitheamh 2015

An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

BORD IASCAIGH MHARA,
CUNTAIS DON BHLIAIN DAR
CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014 –
RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACH AR
BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**AN TACHT IASCAIGH MHARA, 1952,
ARNA LEASÚ.**

Bunaíodh Bord Iascaigh Mhara faoi Acht Iascaigh Mhara, 1952. Is é an Ghníomhaireacht Stáit é ar a bhfuil príomhfhreagracht as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann ar muir agus ar an gcladach agus as éagsúlú an gheilleagair chósta.

FORMÁID NA GCUNTAS

Seo a leanas mar atá bunús na cuntasíochta agus na mbeartas suntasach arna nglacadh ag an mBord:

A) Bunús na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhráithe na cuntasíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glacann na comhlachtaí aitheanta cuntasíochta le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais, de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

B) Cistí an Stáitchiste

Cuirtear deontais reatha agus chaipitil lena n-áirítear scéim Dhobharshaothraithe an PFN san áireamh ar bhonn airgead tirim. Cuirtear deontais a fuarthas faoi Vóta 30 don Scéim Cruatan Bradán (faoi Fhotheideal F.2.) san áireamh ar bhonn fabhráithe.

C) Cistí Eorpacha

Déanann an AE costais a chúiteamh i riaráistí. Aithnítear cúnamh sin ar bhonn infhála.

D) Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn ioncam iarchurtha maoiniú Eorpach agus maoiniú Cruatan Bradán atá iarchurtha ar feitheamh caiteachas ar sheachadadh na seirbhísí.

E) Scéimeanna Deontais

Cuirtear íocaíochtaí a ndéantar faoi na scéimeanna deontais éagsúla arna bhfeidhmiú ag an mBord san áireamh ar bhonn airgead tirim. Léirítear ceangaltais a eascraíonn mar thoradh ar fhaomhadh faoi na Scéimeanna Deontais éagsúla arna bhfeidhmiú ag an mBord i Nóta 12.

F) Drochfhiacha

Déantar foráil i dtaca le hiasachtaí agus fiacha a bhfuiltear in amhras faoina n-íocaíocht agus i gcoinne aon chaillteanas atá tuartha de bhun ráthaíochtaí. Díscríobhtar drochfhiacha sa bhliain ina bhfoirceannar an comhaontú iasachta ábhartha.

G) Stoic

Sonraítear stoic ag an gcostas nó luach inréadaithe, cibé is ísle.

H) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach. Is iad seo a leanas na rátaí a n-úsáidtear do na príomhchatagóirí sócmhainne:

Talamh agus Áitribh	
Talamh	Neamhní
Stáisiúin Loingseoireachta –	
Bunúil	2%
Stáisiúin Loingseoireachta –	
Breise	10%
Áitribh Eile	10%

Gléasra agus Innealra	
Trealamh Oiliúna	16.6%
Gléasra agus Innealra Eile	10%
Trealamh Teicniúil	20%

Mótarfheithiclí	20%
-----------------	-----

Gléasanna agus Trealamh	
Gléasanna lascaireachta	50%
Árthaí	10%
Trealamh Oifige	20%
Trealamh Ríomhaire	33.3%

I) Cúlchistí Caipitil

Cuimsíonn Cúlchistí Caipitil luach neamhamúchta na ndéontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

J) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ar na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le brabúis agus le caillteanais a

eascaíonn as aistrithe airgeadraí coigríche agus as socrú suimeanna atá infhaighte agus iníoctha.

K) Pinsin

Oibríonn Bord lascaigh Mhara scéimeanna pinsin sochair shainithe atá maoinithe go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a thuilir' ó airgead atá ar fáil don Bhord, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choimeádann an tÚdarás. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta lomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31ú Nollaig 2014

	Nótaí	2014	2013
		€000	€000
IONCAM			
Deontais Oireachtais	1	20,359	17,113
Glanmhaoiniú larchurtha do Phinsin	17(c)	2,240	2,413
Glan-aistriú ó Chúlchiste Caipitil	2	(123)	(218)
		22,476	19,308
A.E. Deontais	3	264	73
Láimhdeachas Ghléasra Oighir	4	952	779
Ioncam Eile	5	1,369	1,061
		25,061	21,221
CAITEACHAS			
Forbairt Caipitil an Tionscail	6	6,693	3,629
Forbairt Reatha an Tionscail	7(a)	8,319	8,024
Riarachán Reatha an Tionscail	7(b)	4,423	4,293
Dímheas Gearrtha i rith na Bliana	7(c)	1,169	880
Costais Phinsin	17 (a)	4,039	4,095
Caiteachas ar Gléasraí Oighir	4	847	836
		25,490	21,757
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		(429)	(536)
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS			
Iarmhéid ag 1 Eanáir		684	1,220
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		(429)	(536)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		255	684

Baineann an t-ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chláir chomhardaithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20.




Kieran Calnan
Cathaoirleach

26 Meitheamh 2015



Séan O'Donoghue
Comhalta Boird

26 Meitheamh 2015



Michael Keatinge
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

26 Meitheamh 2015

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais aitheanta iomlána


	Nótaí	2014	2013
		€000	€000
(Easnamh)/ Barrachas don bhliain		(429)	(536)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin			
Gnóthachain / (Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime	17 (d)	(2,340)	(3,613)
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhunús le luach reatha dliteanais na scéime pinsin		–	–
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha		2,340	3,613
Gnóthachain & (Caillteanais) Aitheanta Iomlána don Bhliain		(429)	(536)

Baineann an t-ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chláir chomhardaithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20.



Kieran Calnan
Cathaoirleach

26 Meitheamh 2015



Séan O'Donoghue
Comhalta Boird

26 Meitheamh 2015



Michael Keatinge
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

26 Meitheamh 2015

Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014	2013
SÓCMHAINNÍ		€000	€000
Sócmhainní Seasta			
Inláimhsithe	8	2,109	1,986
		2,109	1,986
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	9	307	98
Stoic		10	12
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,060	1,960
		1,377	2,070
Lúide Dílteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Muirir Fhabhráithe	10	(1,122)	(1,386)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dílteanais Reatha roimh Phinsean		2,364	2,670
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	17 (c)	54,800	54,900
Dílteanais Phinsin	17 (b)	(54,800)	(54,900)
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dílteanais Reatha		2,364	2,670
Maoinithe Ag			
Cúlchistí Caipitil	2	2,109	1,986
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		255	684
		2,364	2,670

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20.



Kieran Calnan
Cathaoirleach

26 Meitheamh 2015



Séan O'Donoghue
Comhalta Boird

26 Meitheamh 2015



Michael Keatinge
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

26 Meitheamh 2015

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don Bhlain dar Críoch 31 Nollaig 2014

Imréiteach ar an larmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/ Forbartha

	2014		2013
€000	€000	€000	€000
Barrachas / (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	(429)		(537)
Ús Bainc	(2)		(8)
Glan-aistriú go dtí Cúlchiste Caipitil	123		218
Dímheas gearrtha ar Ioncam & Caiteachas	1,169		880
Brabús ó dhíolachán Sócmhainní Seasta	-		(4)
(Méadú) / Laghdú ar Stoic	2		(3)
Laghdú / (Méadú) ar Fhéichiúnaithe:			
- Féichiúnaithe Iasachtaí	-	-	
- Soláthar le haghaidh Féichiúnaithe	-	-	
- Féichiúnaithe Eile	(209)	75	75
Méadú / (Laghdú) ar Chreidiúnaithe	(264)		(313)
Glan-Insreabhadh / (Eissreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	390		308
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan Insreabhadh / (Eissreabhadh) Airgid ó			
Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin / Forbartha	390		308
Caiteachas Caipitiúil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a ghnóthú	(1,292)	(1,098)	
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní	-	4	
Toradh ar Infheistíochtaí agus Seirbhísíú Airgeadais			
Ús gearrtha ar iasachtaí bád	-	-	
Ús bainc faighte	2	8	
Glan (Eis-sreabhadh) Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(1,290)		(1,086)
Glan (eis-sreabhadh) / insreabhadh roimh Mhaoiniú	(900)		(778)
Maoiniú			
Réamhíocaíochtaí státchiste faighte	-	-	
Réamhíocaíochtaí Státchiste íoctha	-	-	
Glan eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú	-		-
Méadú / (laghdú) ar airgead tirim	(900)		(778)
Imréiteach um ghlan-sreabhadh airgid go gluaiseacht i nglanchistí			
Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim don bhlain	(900)		(778)
Glanchistí ag 1ú Eanáir	1,960		2,738
Glanchistí ag 31ú Nollaig	1,060		1,960

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20.



Kieran Calnan
Cathaoirleach

26 Meitheamh 2015



Séan O'Donoghue
Comhalta Boid

26 Meitheamh 2015



Michael Keatinge
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

26 Meitheamh 2015

Nótaí leis na Cuntais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014

1. Deontais Oireachtais: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara				
		2014	2013	
		€000	€000	
Forbairt Reatha - Fotheideal Vóta N		11,984	12,379	
Forbairt Chaipitil - Fotheideal Vóta N		6,250	3,550	
Scéim Dhobharshaothraithe an PFN - Fotheideal Vóta J		2,125	1,184	
		20,359	17,113	

2. Cúlchistí Caipitil					
		2014	2014	2013	2013
		€000	€000	000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			1,986		1,768
Aistriú (go dtí) Cuntas Ioncaim & Caiteachais;					
Amúchta sa bhliain	(1,169)			(879)	
Maoiniú úsáidte chun Sócmhainní Seasta a cheannach	1,292			1,097	
	123			218	
Scaoilte ar dhiúscairtí sócmhainní	-			-	
Glan-aistriú (go dtí) Cuntas Ioncaim & Caiteachais;			123		218
Iarmhéid ag 31 Nollaig			2,109		1,986

3. A.E. Deontais				
		2014	2013	
		€000	€000	
Deontais Faighte:				
A.E. Tionscadal Algaí Eangaí		89	-	
A.E. Tionscadal Acrunet		175	73	
A.E. Tionscadal Degree		-	-	
		264	73	

Nóta: Cuireadh fáiltais uile an AE i bhfeidhm sa bhliain agus tá an caiteachas lena mbaineann san áireamh i Nóta 7

4. Iad seo a leanas torthaí Ice Supply oibríocháin:				
		2014	2013	
		€000	€000	
Láimhdeachas		952	779	
Lúide : Pá		(362)	(358)	
Costais Oibríocháin		(385)	(374)	
Costais Riaracháin		(100)	(105)	
Caiteachas Iomlán ar Gléasraí Oighir		(847)	(837)	
Barrachas / (Easnamh) ar Oibríochtaí		105	(58)	

Nóta: Tá an Bord ag breathnú go gníomhach go fóill ar an méid atá i ndán amach anseo don oibríocht déanta oighir. Cuirfear an plean gnó sin i gcrích roimh dheireadh na bliana 2015.

5. Cuimsíonn Ioncam Eile:				
		2014	2013	
		€000	€000	
Ús Baine		2	8	
Ioncam Riaracháin / Cíos Infhála		451	391	
Cruinniú Mullaigh Bia Mara 2014		4	-	
Ioncam Iascaigh		534	285	
Ioncam ó Fhorbairt Gnó & Nuálaíocht		80	98	
Ioncam Oiliúna		199	200	
Ioncam ó Dhobharshaothrú Oisrí Teitrealóideacha & Domhainfharraige		70	50	
Aisíocaíochtaí Deontais Iascaigh Mhara		29	26	
Brabús ó Dhíolachán Sócmhainní		-	4	
		1,369	1,062	

6. Forbairt Caipíteal Tionscail - Lena n-áirítear deontais:				
		2014	2013	
		€000	€000	
Iascaigh Mhara		2,655	972	
Sábháilteacht Feabhsaithe Scéim - PFD - PLB (Glan ar admhálacha Oiliúna)		39	117	
Dobharshaothrú		3,311	1,959	
Clár um Fhorbairt Gnó & Nuálaíocht		688	581	
		6,693	3,629	

7. Tionscal Reatha				
		2014	2013	
		€000	€000	
(a) Forbairt				
Iascaigh Mhara		2,540	2,225	
Dobharshaothrú		2,143	2,199	
Rannóg Oiliúna		1,331	1,426	
Gnó, Forbairt & Nuálaíocht		1,625	1,659	
Faisnéis agus Pleanáil		680	515	
		8,319	8,024	

Nótaí leis na Cuntais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014

7. Tionscal Reatha (ar lean)				
		2014	2013	
		€000	€000	
(b) Riarachán				
Tuarastail Foirne		1,560	1,617	
Foireann Riaracháin Taistil		74	89	
Táillí agus costais taistil na gComhaltaí Boird		34	36	
Cíos, Rátaí agus Deisiúcháin		1,384	1,273	
Guthán, Postas agus Páipéarachas		182	187	
Próiseáil Sonraí		403	287	
Cumhacht, Soilsiú agus Glantachán		73	76	
Táillí Díl, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí		305	278	
Táille Iniúchta		21	21	
Tuarascáil Bhliantúil		5	6	
Árachas		136	145	
Costais Forbartha agus Oiliúna na Foirne		155	169	
Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Síntiúis Trádála		91	109	
		4,423	4,293	
(c) Dímheas				
Dímheas i rith na bliana		1,169	880	
Iomlán		13,911	13,197	

8. Sócmhainní Seasta - Inláimhsithe						
